


# Tuarascáil Bhliantúil

# 2014

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre



# CLÁR ÁBHAR


RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH ........ 02

RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH ........ 04

RÉAMHRÁ ........ 06

TÁSTÁIL AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE ........ 16

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, TAIGHDE AGUS OIDEACHAS TIOMÁNAITHE ........ 28

CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ ........ 45

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA ........ 67

AGUISÍN A – SLIOCHT AS RÁITIS AIRGEADAIS AN RSA



## LIZ O'DONNELL
CATHAOIRLEACH

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**Príomhphointí**

- Tá fadhbanna a bhaineann le seachmall tiománaí ag dul in olcas;
- Is geall le handúil úsáid fón póca ag roinnt tiománaithe;
- Is é láithreacht infheicthe Gardaí an toisc is mó a n-athraíonn iompraíocht ar bóthar;
- Is é atá sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre ná treoirphlean chun treochtaí le deireanas i mbásanna bóthair a iompú thart;
- Fáilte roimh an mBille um Thrácht ar Bhóithre atá ag teacht.

Is é seo an chéad tuarascáil bhliantúil agam ó ghlac mé le ról Chathaoirleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2014.

Ar dtús ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag an gCathaoirleach roimhe seo an tUasal Gay Byrne agus Comhaltaí Boird roimhe seo ar son na sábháilteachta ar bhóithre sa tír seo. Mar Chathaoirleach rinne Gay éacht. Thug sé paisean don tsábháilteacht ar bhóithre leis ina ról agus diongbháilteacht Éire a dhéanamh níos sábháilte dá saoránaigh agus do chuairteoirí as tír isteach.

Is onóir dom leanúint den obair thábhachtach seo a bhaineann le habhcóideacht a dhéanamh ar son bóithre níos sábháilte lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla agus leis an mórphobal sna blianta seo romhainn.

Ach táim ag díriú ar an am seo i láthair.

Is tragóid é gur cailleadh 195 dhuine ar na bóithre anuraidh. Seo an dara méadú in imeacht dhá bhliain agus is údar imní é an casadh seo. Conas is féidir linn seo a iompú thart?

Is é an freagra an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá an straitéis seo cuimsitheach agus uaillmhianach agus clúdaíonn sí an tréimhse idir 2013 agus 2020. Seo an treoirphlean a bhfuilimid ag tiontú chuige agus sinn ag atreisiú ár n-iarrachtaí gach uile cheann de na 144 ghníomh chun beatha daoine a shábháil a chur i bhfeidhm, roimh am más gá.

Ar chúl staitisticí gruama agus díomácha na bliana seo caite, tá roinnt rudaí dearfacha ann. Tá líon na mbásanna i measc tiománaithe níos ísle, go háirithe básanna tiománaithe óga. D'fhéadfadh sé gurb é atá le feiceáil anseo againn torthaí na mbeart a tugadh isteach mar chuid den Chóras Ceadúnaithe Forchéimnithe.

Anuraidh tugadh isteach Tástáil ar Lagú ar Thaobh an Bhóthair (RIT). Céim shuntasach sa troid in éadan na tiomána faoi thionchar drugaí. Thug sé cumhachtaí do na Gardaí tiománaithe a cheaptar

## CÉ GO BHFUIL SÉ AN-TÁBHACHTACH DLÍTHE NUA SÁBHÁILTEACHTA BÓTHAIR A THABHAIRT ISTEACH, TÁ SÉ RÍTHÁBHACHTACH NA HACMHAINNÍ RIACHTANACHA, MAIDIR LE LUCHT SAOTHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHTA, A BHEITH AR FÁIL LENA GCUR I BHFEIDHM.

bheith faoi thionchar druga nó drugaí a thástáil ar thaobh an bhóthair.

Cuireadh fáilte mhór freisin roimh mhéadú pointí pionóis as fón póca a úsáid le linn tiomána, scoitheadh dainséarach agus gan crios sábhála a chaitheamh.

Ó ghlac mé an post tharraing mé anuas ceist an tseachmaill tiománaí roinnt uaireanta. Creidim go fírinneach go bhfuil an fhadhb seo ag dul in olcas, go háirithe ceist an tseachmaill tiománaí mar gheall ar fhóin phóca, ar andúil é, geall leis, do roinnt tiománaithe. Léiríonn ár staidéir bhreathnaithe féin go bhfuil tiománaí as gach dháréag ag úsáid fóin phóca le linn dóibh bheith ag tiomáint.

Ag breathnú chun cinn go 2015, cuirim fáilte mhór roimh an mBille um Thrácht ar Bhóithre atá beartaithe. Tá na bearta atá ann tráthúil nuair a chuirtear san áireamh an gá le stop a chur ar aon mhéadú i mbásanna tuairte.

Déanfaidh an Bille foráil le haghaidh tástáil cheimiceach ar thaobh an bhóthair ar thiománaithe le haghaidh drugaí. Ach tá sé ríthábhachtach an pobal a chur ar a suaimhneas go bhfuil an uirlis forfheidhmithe seo ann chun díriú ar thiománaithe a bhaineann mí-úsáid as drugaí agus a thiomáineann. Má tá drugaí ar oideas faoi threoir gairmí sláinte á nglacadh agat níl ábhar faitís ann duit.

Is é an fhoráil shuntasach eile sa Bhille nua cruthú creata reachtúil chun plé le feithiclí díscríofa.

Cé go bhfuil sé an-tábhachtach dlíthe nua sábháilteachta bóthair a thabhairt isteach, tá sé ríthábhachtach na hacmhainní riachtanacha, maidir le lucht saothair agus teicneolaíochta, a bheith ar fáil lena gcur i bhfeidhm.

Deirim seo i gcomhthéacs ina bhfuil ráta braite na nGardaí ag ísliú do 2014 sna príomhchionta sábháilteachta bóthair go léir. D'fhéadfadh sé gur comhartha an titim seo go bhfuil líon níos mó úsáideoirí bóthair ag cloí leis an dlí. Ach ar an taobh eile, d'fhéadfadh sé gur toradh díreach é ar thitim i líon na nGardaí sa Chór Tráchta, atá tite ó 1,200 in 2009 go dtí timpeall 750 in 2014. Más é an dara ceann atá fíor, ba mhór an t-ábhar imní dom agus do mo Bhord é.

Is é láithreacht an-infheicthe Gardaí ar an mbóthar, chomh maith leis an mbagairt forfheidhmithe, an toisc is mó ar fad a n-athraíonn iompraíocht daoine ar an mbóthar.

Is é an tuairim i measc an phobail, de réir ár dtaighde féin, go gcreideann bunús na ndaoine (73%) nach bhfuil go leor Gardaí ag forfheidhmiú ár ndlíthe sábháilteachta bóthair.

Ba chóir d'fhir agus mhná an Gharda Síochána a fhorfheidhmíonn dlíthe tráchta bheith an-bhródúil as a gcuid oibre ag sábháil beatha daoine agus tá an tsochaí faoi chomaoin mhór acu as a seirbhís phoiblí. Tá obair inmholta ar bun acu leis na hacmhainní atá ar fáil. Ach tá sé an-tábhachtach na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil le líon na nGardaí sa Chór Tráchta a mhéadú.

Is mór an t-ábhar misnigh a fheiceáil go bhfuil earcaíocht agus oiliúint Gardaí nua tosaithe arís. Is é a d'iarrfainn, mar thosaíocht, gur chóir dúinn díriú ar líon na nGardaí sa Chór Tráchta a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal a bhí ann roimh an gcúlú eacnamaíochta.

Trí straitéis trasghearrtha, comhoibriú le húdaráis áitiúla, na Gardaí, an NRA agus reachtóirí agus an mórphobal, táimid ag déanamh dul chun cinn seasta ag laghdú contúirtí agus líon na mbásanna ar ár mbóithre. Níl aon údar againn bheith réchúiseach. Tá gach bás bóthair ina thragóid don tsochaí agus do theaghlaigh. Is é is cúram domsa mar Chathaoirleach an fhíric sin a choinneáil in aigne an phobail agus chun tacaíocht a spreagadh dár gcomhiarrachtaí le haghaidh bóithre níos sábháilte.

**Liz O'Donnell**
Cathaoirleach



## MOYAGH MURDOCK
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

# RÁITEAS AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH

**Príomhphointí**

- Chuaigh líon na mbásanna bóthair i líonmhaire dhá bhliain i ndiaidh a chéile;
- Méadú i mbásanna úsáideoirí bóthair leochaileacha;
- An bhliain ba ghnóthaí ar taifead don NCT;
- RSA ag soláthar níos mó seirbhísí do níos mó custaiméirí;
- RSA neamhspleách ó thaobh airgeadais, ag infheistiú ioncaim sa tsábháilteacht ar bhóithre.

Den dara bliain i ndiaidh a chéile tá líon na mbásanna ar bhóithre méadaithe. Cailleadh 195 ar fad ar na bóithre in 2014. Is ionann seo agus méadú de 4% i gcomparáid le 2013.

Ábhar imní ar leith is ea ardú i líon básanna úsáideoirí bóthair leochaileacha. Ina measc seo tá coisithe, rothaithe, gluaisrothaithe, an t-aos óg agus seandaoine.

Tá sé deacair a rá go cinnte céard is cúis leis an méadú. Is cosúil go raibh an patrún mar an gcéanna ar fud AE. Bhí méadú suntasach i líon na dtaismeach ag an gcomharsa is gaire dúinn, Tuaisceart Éireann. Bhí méadú i líon na ndaoine a maraíodh ar na bóithre sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa RA, na trí thír is mó daonra san AE.

Toisc a chuir leis is cosúil ná aimsir the an tsamhraidh. D'fhéadfadh sé gur mar gheall air seo a bhí níos mó úsáideoirí bóthair leochaileacha ar na bóithre, agus dá réir sin is mó an riosca a bhí ann dóibh. D'fhéadfadh sé gurbh é sin ba chúis leis an líon mór rothaithe agus gluaisrothaithe a maraíodh.

Tar éis roinnt blianta d'fheabhsuithe sa tsábháilteacht ar bhóithre in Éirinn, b'fhéidir gurb é atá le feiceáil againn go bhfuil daoine ag éirí réchúiseach ina n-iompraíocht ar na bóithre. D'fhéadfadh sé, leis, gur méadú tráchta de bharr níos mó gníomhaíochta tráchta is cúis leis.

Agus is fíor go deimhin go bhfuil an geilleagar ag dul i bhfeabhas. Tá méadú le feiceáil againn i ndíolachán feithiclí nua. Tá níos mó feithiclí ar an mbóthar agus níos mó ciliméadar á dtaisteal. Tá éileamh ar ár seirbhísí méadaithe. Tá freisin níos mó daoine ag lorg tástáil teoirice, ceadúnas foghlaimeora agus tástáil tiomána. Comharthaí dearfacha is ea iad seo go léir, ach cuireann siad go léir in iúl go bhfuil níos mó riosca ann.

## DEN DARA BLIAIN I NDIAIDH A CHÉILE TÁ LÍON NA MBÁSANNA BÓTHAIR MÉADAITHE. CAILLEADH 195 AR FAD AR NA BÓITHRE IN 2014. IS IONANN SEO AGUS MÉADÚ DE 4% I GCOMPARÁID LE 2013.

Ba é 2014 an bhliain ba ghnóthaí ar taifead don Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (NCT). Bhí seo mar gheall ar an riachtanas flít atá ag dul in aois a thástáil maidir le ródacmhainneacht níos minice agus pointí pionóis a thabhairt isteach maidir leis an gcion reatha gan NCT bailí a bheith ag gluaisteán. Dá thoradh sin, bhí éileamh suntasach ar a sheirbhísí agus rinneadh 2,026,630 tástáil ar fad. Chun riar ar an éileamh breise, baineadh feidhm as acmhainní breise suntasacha, lena n-áirítear uaireanta oibre i bhfad níos faide i ngach ionad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí go léir as ucht a bhfoighne agus a dtuisceana a fhad is go rabhamar ag plé leis an éileamh breise seo.

Rinneadh obair nach beag in 2014 agus leanfar ar aghaidh leis sin in 2015 chun an chaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil i dtaca leis an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS) agus an tSeirbhís Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT).

Tá cineál agus méid na seirbhísí a chuireann RSA ar fáil, seirbhísí atá i mbéal forbartha, tar éis athrú scun scan ó bunaíodh é in 2006.  Táimid ag cur ar fáil níos mó seirbhísí do níos mó custaiméirí agus creidim go daingean go gcaithfimid mar eagraíocht forbairt agus bealaí a lorg chun feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí sin.

Tá réimsí na teicneolaíochta agus TFC ina dtosaíochtaí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann RSA as a n-obair, tacaíocht agus dúthracht a bhí dochreidte le linn am seo an athraithe.

Tosaíocht eile is ea neamhspleáchas airgeadais an Údaráis a choinneáil. Níl RSA ag fáil maoiniú ón státchiste a thuilleadh mar sin is féidir linn a rá go fírinneach go bhfuil ioncam a thiomsaítear mar gheall ar an tsábháilteacht ar bhóithre infheistithe ar ais i sábháilteacht ar bhóithre.

Tá mé ag iarraidh buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe sa tsábháilteacht ar bhóithre as a dtacaíocht i rith 2014 agus táim ag súil le bheith ag obair le chéile sa bhliain seo romhainn agus sinn ag díriú ár bhfuinnimh ag cur i bhfeidhm na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Mar tá amhlaidh i gcónaí, táimid faoi chomaoin na meán náisiúnta agus áitiúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan as tuairisciú i gcónaí ar shábháilteacht ar bhóithre.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le grúpa daoine an-speisialta. Tá daoine ar bhain tráma ar bhóithre leo go díreach a tháinig, in ainneoin a mbróin, go cróga chun tosaigh chun cuidiú teachtaireachtaí cumhachtacha faoin tsábháilteacht ar bhóithre a chur in iúl in 2014.

Go raibh maith agaibh.

**Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach

# RÉAMHRÁ

## Bunú

Comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a cruthaíodh faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Bunaíodh an RSA an 13 Meán Fómhair 2006 le hIonstraim Reachtúil (I.R. Uimhir 477 de 2006).

## Ár Misean

Is é aidhm an RSA saolta a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is é atá mar sprioc glactha ag Bord an RSA: 'Oibriú lena Chéile le Saolta a Shábháil'.

## Feidhmeanna

Leagtar na feidhmeanna a bhfuil an RSA freagrach astu amach san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Áirítear leis na feidhmeanna sin: tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin feithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre, oideachas tiománaithe agus taighde ar shábháilteacht ar bhóithre. Tá na feidhmeanna sin leagtha ar na stiúrthóireachtaí seo a leanas:

**Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe**

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**


**Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí**

**Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála**



# COMHALTAÍ BOIRD

Ar an 14 Meán Fómhair 2011, chuaigh téarma chéad Bhord an Údaráis in éag. In 2014, rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt bord nua an Údaráis a chomhdhéanamh. Ceapadh triúr ball nua ar an mBord in 2014, Liz O'Donnell, Cathaoirleach, Aileen O'Toole agus John Lumsden.



**An tUasal Liz O'Donnell**
Cathaoirleach
A ceapadh mar Chathaoirleach ar Bhord an RSA an 29 Deireadh Fómhair 2014



**An tUasal Ronan Melvin**



**An tUasal Eddie Rock**



**An tUasal Sean Finan**



**An Dr Áine Carroll**



**An tUasal Aideen Carberry**



**An tUasal John Mulvihill**



**An tUasal Aileen O'Toole**
A ceapadh chuig Bord an RSA an 31 Deireadh Fómhair 2014



**An tUasal John Lumsden**
A ceapadh chuig Bord an RSA an 31 Deireadh Fómhair 2014

## CHRÍOCHNAIGH TÉARMAÍ AN 14 MEÁN FÓMHAIR 2014



**An tUasal Gay Byrne**



**An tUasal Aine Cornally**



**An tUasal Myra Garrett**



**An tUasal Aaron MacHale**

# BAINISTÍOCHT FEIDHMIÚCHÁIN



**An tUasal Moyagh Murdock**

Príomhfheidhmeannach



**An tUasal Michael Rowland**

Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**An tUasal Pearse White**

Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála



**An tUasal Denise Barry**

Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí




**An tUasal Declan Naughton**

Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

# ATHBHREITHNIÚ AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2014


Fuair 195 dhuine bás in imbhuailtí bóthair in 2014, méadú de 7 mbás nó 4% ar 2013 nuair a cailleadh 188 nduine ar fad. Is ionann é sin agus laghdú 58.5% ar bhásanna ar bhóithre i gcomparáid le 1997 nuair a cailleadh 472 dhuine ar bhóithre na hÉireann. Mar mheán míosúil, maraíodh 16 dhuine in aghaidh na míosa in 2014. Thíos anseo tá na meánfhigiúirí míosúla ó 2006 i leith.




*Foinse: RSA Collision Facts, Nollaig 2014.*

MÉADÚ
4%
I GCOMPARÁID LE
2013

**Líon básanna in aghaidh na míosa.**





*Foinse: RSA, Road Collision Facts 2006-2014.*

Is é bunchuspóir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 básanna bóthair a laghdú go 25 bhás ar a mhéad in aghaidh gach milliúin den daonra faoi dheireadh na bliana 2020. Is ionann é sin agus meánlíon de 10 mbás ar bhóithre in aghaidh na míosa nó 124 bhás in aghaidh na bliana.


*Cuimsíonn figiúirí báis 2012 bás mná a bhí ag iompar clainne ag am na tuairte. Níor tháinig an leanbh sa bhroinn slán as an tuairt. Níor léirigh na figiúirí bás an linbh gan bhreith, Mollie Enright. Is mian le RSA seo a aithint sa Tuarascáil Bhliantúil seo go bhfuair an leanbh neamhbhreithe Mollie Enright bás de thoradh tuairte in 2012.

## 2010-2014 BÁSANNA AR BHÓITHRE DE RÉIR CINEÁL ÚSÁIDEOIR BÓITHRE




*Foinse: RSA Road Collision Facts 2010-2014.*

## AN TSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE IN ÉIRINN I GCOMHTHÉACS, 1959-2014





*Foinse: RSA Road Collision Facts 1959-2014.*

# SEASAMH NA HÉIREANN MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE I GCOMPARÁID LE TÍORTHA EILE

Bhí Éire ar cheann de na tíortha ba mhó feabhas san Eoraip ó thaobh laghdú ar líon na mbásanna ar bhóithre de idir 2001 agus 2012. Mar gheall ar an líon íseal stairiúil básanna ar bhóithre a baineadh amach in 2012 bhí Éire ar cheann de thíortha an AE is fearr ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de. Ó 2014 i leith rangaítear Éire san ochtú háit as 28 dtír an AE.

D'fhéadfaí i bhfad eile a dhéanamh, go háirithe i gcomparáid le tíortha eile (féach rangú básanna in 2014 in aghaidh an mhilliúin). Tá figiúirí na hÉireann fós níos measa ná figiúirí na hÍsiltíre, na Ríochta Aontaithe agus na Sualainne. Is é an chiall atá le baint as sin ná go bhfuil neart le déanamh fós chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú agus léiríonn an dul chun cinn a rinneadh san am a chuaigh thart gur féidir dul chun cinn eile a dhéanamh, má chuirtear beartais agus bearta éifeachtacha i bhfeidhm agus má thacaítear leo.

## RANGÚ BÁSANNA IN AGHAIDH AN MHILLIÚIN 2014




*Foinse: Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) 2014.*

## COMHOIBRIÚ LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Lean RSA ar aghaidh ag obair go dlúth leis An Garda Síochána ar bhealaí éagsúla i rith 2014. Ina measc seo bhí gníomhaíocht a bhaineann le forfheidhmiú ionas go raibh gníomhaíochtaí póilíneachta dírithe nasctha sna meáin le teachtaireachtaí comhlántacha chun beatha daoine a shábháil. Is é seo bunchloch ár straitéise um shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn i.e. úsáid múnla sábháilteachta ar bhóithre a bhaineann le hoideachas/forfheidhmiú, a fhéachann le meoin agus iompraíocht a athrú agus tacaíocht a thógáil sa phobal don phóilíneacht um shábháilteacht ar bhóithre.

Lean RSA ar aghaidh chomh maith lena chuid oibre leis na Gardaí i dtiomsú agus anailís sonraí ar imbhuailtí. Tá forbairtí nach beag tarlaithe in 2014 lena n-áirítear ríomhairiú agus aistriú leictreonach sonraí ar imbhuailtí san fhíor-am ó na Gardaí go dtí an tÚdarás. Tá seo tar éis luas mór a chur faoi chumas RSA sonraí faoi imbhuailtí a phróiseáil agus treochtaí féideartha a aithint ionas gur féidir idirghabhálacha a dhéanamh níos luaithe. Mar gheall ar seo freisin is féidir sonraí ar imbhuailtí a aistriú níos tapa go hinnealtóirí áitiúla an údaráis agus go dtí innealtóirí sábháilteachta an Údaráis Náisiúnta Bóithre. Mar gheall ar seo beifear in ann tionscnaimh innealtóireachta feabhais a chur i bhfeidhm.

Lean an tÚdarás agus An Garda Síochána ar aghaidh ag obair le chéile lenár gcomhstraitéis forfheidhmithe a chur i gcrích chun tacú le comhlíonadh laistigh den tionscal gairmiúil iompair ar bhóithre in Éirinn. Lean Oifigí Iompair RSA agus Cigirí Feithicle ar aghaidh ag obair go dlúth le comhghleacaithe sna Gardaí chun forfheidhmiú a chomhordú ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tar éis socruithe nua le haghaidh seicphointí ar bhonn réigiúnach, bhí leibhéil níos airde seiceálacha ar fheithiclí tráchtála troma ná riamh in 2014. In 2014 phíolótaigh an tÚdarás, i gcomhar le AGS, teicneolaíochtaí nua lena n-áirítear aipeanna aimsithe agus Uathaithint Uimhirphlátaí (ANPR) a chinnteoidh go ndírítear an chomhiarracht forfheidhmithe níos mó orthu siúd a bhí neamhchomhlíontach, ag íosmhéadú, mar sin, cur isteach ar oibreoirí agus ar thiománaithe feithiclí tráchtála comhlíontacha.

Chomh maith lena chuid oibre leis na Gardaí, oibríonn RSA go dlúth freisin le príomhpháirtithe leasmhara eile chun tacú le soláthar a lán gníomhaíochtaí sa Straitéis reatha ar Shábháilteacht ar Bhóithre. Go háirithe, oibríonn an tÚdarás leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus leis an nGarda Síochána chun clár idirghabhálacha a thabhairt, 'Tiomáint don Obair, atá dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe. Oibríonn an tÚdarás go dlúth freisin leis an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Ranna Rialtais agus Údaráis Áitiúla timpeall na tíre.

Lean an tÚdarás ar aghaidh freisin lena chomhpháirtíochtaí oibre le heagraíochtaí neamhrialtasacha a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus Grúpaí Tathanta ar nós Headway Ireland, Brain Injury Ireland, PARC, IRVA agus drinkaware.ie.





# AN CEATHRÚ STRAITÉIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2013-2020

Tá freagracht ar an RSA as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis nua an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, 'An Bhearna a Dhúnadh 2013 – 2020'. Is é sin ceathrú straitéis na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## AN BHEARNA A DHÚNADH

Rinneadh Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a lainseáil ag comhdháil idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a d'óstáil RSA Déardaoin i gCaisleán Bhaile Átha Cliatha Déardaoin an 28 Márta 2013. Is é atá i gceist le 'An Bhearna a Dhúnadh' ná bóithre na hÉireann a dhéanamh chomh sábháilte leis na tíortha is fearr feidhmíocht ar domhan, go háirithe an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an tSualainn. D'fhonn é sin a bhaint amach, is gá d'Éirinn líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú go 124 bhás in aghaidh na bliana agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú faoi 30% ar a laghad faoin mbliain 2020.

Tá 144 ghníomh sa Straitéis nua, iad leagtha amach faoi na trí phríomhréimse idirghabhála – Oideachas, Innealtóireacht agus Forfheidhmiú.

## FEIDHMÍOCHT UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE IN 2014

In 2014 fuair 195 dhuine bás ar bhóithre, méadú faoi 4% ar bhásanna sa bhliain 2013.

Idir 2012 agus 2013 bhí méadú beag i líon na ndaoine i seilbh ceadúnas tiomána (1%), agus méadú beag leis sa daonra agus, tar éis tréimhse meatha ar an iomlán, méadú i dtomhaltas breosla (3%) agus mótarfheithiclí cláraithe (3%). Ba sa chomhthéacs seo gur mhéadaigh básanna ar bhóithre idir 2012 agus 2013.

## MONATÓIREACHT

Is é an Coiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme na straitéise nua. Tagann an Coiste sin le chéile ar bhonn bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Straitéise. Beidh sé faoi chathaoirleacht an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Paschal Donohoe, TD, in éineacht le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar aon le Coimisinéir an Gharda Síochána, an tArd-Aighne agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin RSA.

## EAN.

Severe Weather Advice



Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2014

## FEABH.

Severe Weather Advice

## MÁR.

Sirriam na gCriosanna Sábháilteachta, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 5 Márta



Railí Céimeanna Mhaigh Eo an 8 agus an 9 Márta

Keep The Race In Its Place

Teachtaireacht Dheireadh Seachtaine na Féile Phádraig Sábháilteacht Criosanna Sábháilte, an 13 Márta



50 YEARS OF THE DRIVING TEST 1964 - 2014

Comóradh 50 Bliain na Chéad Tástála Tiomána in Éirinn, an 18 Márta



Comhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre an RSA ag cur béim ar an dainséar a bhaineann le Seachmall Tiománaí, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 20 Márta

Before you drive off Switch off

Múch é sula dTiomáineann Tú, an 27 Márta

## AIB.

Gradaim Náisiúnta na Meán do Mhic Léinn, Óstán Dhroichead na Dothra, an 9 Aibreán



Teachtaireacht na Cásca ó RSA agus ón nGarda Síochána, 'Moilligh', an 15 Aibreán






Treoirlínte úra faoi Inniúlacht Sláinte i gcomhair Ghrúpa 1 agus Grúpthiománaithe, an 29 Aibreán



Achainí ar Ghluaisrothaithe i ngeall ar mhéadú ar bhásanna ar ghluaisrothair, an 29 Aibreán



Pionóis Úra as teachtaireachtaí téacs a chur agus tú ag tiomáint, an 30 Aibreán

## BEALT.

Railí Céimeanna Cheatharlach, an 11 Bealtaine

Keep The Race In Its Place

Lá Sábháilteachta ar Bhóithre an AE, imní faoin méadú ar Bhásanna Leanaí, an 9 Bealtaine

DECADE OF ACTION FOR ROAD SAFETY 2011-2020

Oibríocht 'Moilligh', Baile Átha Cliath, an 27 Bealtaine



## MEITH.



Comhdháil CIECA, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 5-6 Meitheamh



Fógairt na gCaighdeán Athbhreithnithe d'Fheithiclí Talmhaíochta le haghaidh Eanáir 2016

Keep The Race In Its Place

Railí Céimeanna Charraig na bhFiach, an 27 Meitheamh

# SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE BUAICPHOINTÍ 2014

## IÚIL

Tuirse Tiománaithe,
Stáisiún Seirbhíse Applegreen,
Bóthar Mhuirfean Uachtarach,
an 31 Iúil



## LÚN.



Tagann Tiománaí Nuacheadúnaithe Úra i bhFeidhm, an 1 Lúnasa




Filleadh ar an Scoil, Faiche Stiabhna an 27 Lúnasa

## M. FÓMH.

Caighdeáin Athbhreithnithe d’Fheithiclí Talmhaíochta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, an 23 Meán Fómhair



## D. FÓMH.

Léacht Acadúil, Neamhoird Chodlata, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 6 Deireadh Fómhai





Lá ‘Beep Beep’, Scoil Náisiúnta Mhuire Lourdes, Inse Chór, Baile Átha Cliath, an 10 Deireadh Fómhair



Bí Sábháilte agus an Clog ag dul Siar, an 24 Deireadh Fómhair

## SAMH.


Lá Domhanda Cuimhneacháin Baile Átha Cliath, an 11 Samhain



Feachtas an Rialtais, ‘Bí Réidh don Gheimhreadh’, Baile Átha Cliath, an




Seoladh na gCaighdeán Úr Tiomána do Sheirbhísí Éigeandála, Farmleigh, an 18 Samhain









Seoladh Fheachtas na Nollaig, Tástáil Úr Cois Bóthair ar Lagú Drugaí, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an 27 Samhain

## NOLL.






Gradam na Soilse Stiúrtha, Farmleigh, an 10 Feabhra



Bí Sábháilte, Bí le Feiceáil, Lá Náisiúnta na nÉadaí Sofheicthe, Farmleigh, an 19 Nollaig

# TÁSTÁIL AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as bainistiú an réimis ceadúnaithe tiománaithe. Is é cuspóir na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go mbíonn na bóithre níos sábháilte do chách de bharr na slí a bhfoghlaimíonn tiománaithe conas tiomáint agus de bharr na rialacha tiomána a leanann siad.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as na tascanna áirithe seo:

**Soláthar na seirbhíse um thástáil tiománaithe**

**Soláthar na seirbhíse um cheadúnú tiománaithe**

**Bainistiú na seirbhíse um Thástáil Teoirice Tiomána**

**Bainistiú chóras na bpointí pionóis**

**Bainistiú na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS)**

# AN TSEIRBHÍS UM THÁSTÁIL TIOMÁNAITHE 2014

**9.3 SEACHTAINE**
**MEÁNAM NÁISIÚNTA FEITHIMH 2014**


Is é cuspóir na seirbhíse um thástáil tiománaithe tástáil tiomána a sholáthar atá cothrom agus éifeachtach de réir Threoir AE agus reachtaíocht náisiúnta.

Cuirtear na tástálacha ar fáil ó 48 ionad tástála ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do mheánam náisiúnta feithimh 10 seachtaine a choinneáil do chustaiméirí agus baineadh é sin amach i gcaitheamh na bliana 2014 tráth arbh é an meánam náisiúnta feithimh ná 9.3 seachtaine.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Luain | 11.0 | Guaire | 9.6 | Ráth Garbh | 8.0 |
| Béal an Átha | 8.0 | Cill Chainnigh | 11.0 | Ros Comáin | 9.1 |
| Biorra | 11.0 | Cill Airne | 9.4 | Sionainn | 8.6 |
| Bun Cranncha | 8.9 | Cill Rois | 11.0 | An Sciobairín | 8.9 |
| Ceatharlach | 10.3 | Leitir Ceanainn | 8.1 | Sligeach | 7.7 |
| Cora Droma Rúisc | 9.2 | Luimneach | 8.0 | Tamhlacht | 8.0 |
| Caisleán an Bharraigh | 10.0 | An Longfort | 8.6 | Durlas | 7.8 |
| An Cabhán | 8.0 | Baile Locha Riach | 9.1 | Tiobraid Árann | 11.0 |
| An Clochán | 11.0 | Mala | 8.5 | Trá Lí | 8.0 |
| Cluain Meala | 9.8 | Muineachán | 10.3 | Tuaim | 11.0 |
| Corcaigh | 10.0 | An Muileann gCearr | 8.7 | An Tulach Mhór | 10.2 |
| Dún na nGall | 10.0 | An Nás | 8.0 | Port Láirge | 9.5 |
| Dún Dealgan | 7.8 | An Uaimh | 8.0 | Loch Garman | 11.0 |
| Dún Garbhán | 9.7 | An tAonach | 10.8 | Cill Mhantáin | 7.7 |
| Inis | 9.0 | An Caisleán Nua | 8.5 | | |
| Fionnghlas | 8.0 | Port Laoise | 11.0 | | |
| Gaillimh | 9.0 | Ráth Eanaigh | 8.6 | | |

## TORADH NA DTÁSTÁLACHA TIOMÁNA EANÁIR GO NOLLAIG 2014




*Foinse: Tástáil Tiomána RSA Nollaig 2013, 2014.*

**Ní raibh Torthaí na dTástálacha Tiomána de chuid iarrthóirí a rinne Ceachtanna Oiliúna Riachtanaí do Thiománaithe (EDT) infheidhmithe.**

| | | |
|---|---|---|
| Líon iomlán tástálacha | **70,284** | **100%** |
| Pas | **21,359** | **45.9%** |
| Teip | **25,087** | **54.01%** |
| An tIarrthóir as láthair | **18,989** | **27.02%** |
| Tástáil nach ndearnadh | **3,536** | **5.03%** |
| Tástáil nár críochnaíodh | **1,313** | **1.87%** |

**Torthaí na dTástálacha Tiomána de chuid iarrthóirí a rinne Ceachtanna Oiliúna Riachtanaí do Thiománaithe (EDT).**

| | | |
|---|---|---|
| Líon iomlán tástálacha | **51,243** | **100%** |
| Tástáil nár críochnaíodh | **594** | **1.16%** |
| Tástáil nach ndearnadh | **1,723** | **3.36%** |
| An tIarrthóir as láthair | **1,269** | **2.48%** |
| Pas | **26,013** | **54.58%** |
| Teip | **21,644** | **45.42%** |

# AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA UM CHEADÚNAIS TIOMÁNA (NDLS)



Faigheann agus próiseálann an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, nó NDLS, iarratais ar cheadúnais foghlaimeora agus ar cheadúnais tiomána ar fud na tíre. Tá an tseirbhís i bhfeidhm ón 29 Deireadh Fómhair 2013 agus suas go dtí an 31 Nollaig 2014 eisíodh 650,961 ceadúnas cárta phlaistigh. Áirítear leis seo ceadúnais iomlána agus ceadúnais foghlaimeora.

Féachann NDLS le bheith an-dírithe ar an gcustaiméir. Is féidir le custaiméirí anois cuairt a thabhairt ar cheann ar bith de na hionaid ar fud na tíre chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nó ar cheadúnas foghlaimeora agus níl siad teoranta a thuilleadh don tseirbhís ina gcontae féin a úsáid. I rith na bliana, bhreathnaigh NDLS go leanúnach ar ár gcumarsáid le custaiméirí chun an tseirbhís a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir – beidh seo ina ghníomhaíocht leanúnach. Le linn 2014, d'oiriúnaigh NDLS foirmeacha iarratais, d'athnuaigh suíomh gréasáin NDLS agus thug isteach agus d'athbhreithnigh seirbhís áirithinte mar fhreagairt ar aiseolas custaiméirí. Thug NDLS faoi ghníomhaíochtaí 'glór an chustaiméara'

freisin le linn 2014. Ina measc seo bhí éisteacht le glaonna lena chinntiú go bhfuil custaiméirí ag fáil eolas cruinn agus ábhartha ón Ionad Cúraim Custaiméirí, agus aiseolas custaiméara trí shuirbhéanna fíor-ama déanta sna hionaid féin.

Mar chuid de phróiseas iarratas ceadúnas nua agus níos sábháilte, caithfidh custaiméirí anois cuairt a thabhairt ar ionad NDLS iad féin chun a n-aitheantas a dheimhniú. Tá an t-iarratas 'duine le duine' seo mar chuid de phróiseas slándála a chabhraíonn le slándáil a mhéadú, le calaois a chomhrac agus le tiománaithe neamhcheadúnaithe a choinneáil den bhóthar. Tá tuilleadh feabhsuithe á bhforbairt lena chur ar chumas custaiméirí iarratas a dhéanamh dá gceadúnas nó dá n-iarratas ar cheadúnas tiomána ar an nguthán nó ar líne.




**182,512** AB EA LÍON NA GCEADÚNAS FOGHLAIMEORA

**384,709** AB EA LÍON NA GCEADÚNAS IOMLÁN A EISÍODH IN 2014.


*Foinse: NDLS Nollaig 2014.*

## LÍON NA GCEADÚNAS TIOMÁNA I SEILBH DAOINE AN 31 NOLLAIG 2014 DE RÉIR CINEÁIL TIOMÁNA.




*Foinse: NDLS Nollaig 2014.*


## CEADÚNAIS TIOMÁNA REATHA AR AN 31 NOLLAIG 2014 DE RÉIR CINEÁIL I NGACH CONTAE




*Foinse: NDLS Nollaig 2014.*

| | Ceadúnais Foghlaimeora | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais 3 Bliana | Ceadúnais 10 mBliana |
|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 3,619 | 158 | 3,185 | 29,689 |
| An Cabhán | 4,035 | 112 | 4,176 | 36,011 |
| An Clár | 5,556 | 285 | 7,592 | 62,249 |
| Corcaigh | 25,839 | 1,065 | 31,361 | 261,124 |
| Dún na nGall | 6,825 | 409 | 9,692 | 80,467 |
| Baile Átha Cliath | 68,603 | 2,534 | 64,321 | 537,730 |
| Gaillimh | 11,532 | 449 | 14,167 | 127,883 |
| Ciarraí | 6,836 | 268 | 9,887 | 75,862 |
| Cill Dara | 11,926 | 273 | 9,085 | 105,407 |
| Cill Chainnigh | 5,145 | 305 | 5,543 | 46,558 |
| Laois | 4,260 | 232 | 3,823 | 35,928 |
| Liatroim | 1,520 | 106 | 2,178 | 16,814 |
| Luimneach | 8,976 | 430 | 11,347 | 94,585 |
| An Longfort | 2,138 | 72 | 2,420 | 18,953 |
| Lú | 6,006 | 242 | 6,295 | 56,192 |
| Maigh Eo | 6,191 | 321 | 8,645 | 67,712 |
| An Mhí | 9,106 | 278 | 9,009 | 92,478 |
| Muineachán | 2,760 | 166 | 3,631 | 32,205 |
| Uíbh Fhailí | 4,143 | 208 | 4,148 | 37,471 |
| Ros Comáin | 2,982 | 148 | 4,532 | 33,358 |
| Sligeach | 2,711 | 203 | 4,381 | 33,947 |
| Tiobraid Árann | 9,069 | 450 | 10,654 | 80,283 |
| Port Láirge | 5,888 | 224 | 7,031 | 56,599 |
| An Iarmhí | 4,568 | 211 | 4,771 | 42,919 |
| Loch Garman | 8,073 | 645 | 9,341 | 73,569 |
| Cill Mhantáin | 7,544 | 352 | 8,119 | 69,313 |
| **Iomlán** | **235,878** | **10,146** | **259,334** | **2,205,306** |
| **Athrú (2013)** | **+8,681** | **+1,264** | **-994** | **+60,123** |


## FEASACHT SPREAGTHA – AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA UM CHEADÚNAS TIOMÁNA




*Foinse: Behavious & Attitudes Survey for RSA, Iúil 2014.*

# TÁSTÁLACHA TEOIRICE TIOMÁNA 2014

Líon na dTástálacha Teoirice Tiomána a rinneadh in 2014.




2014: Níl an pasráta de réir ionaid ar fáil, ba é an pasráta foriomlán don bhliain:

Pasráta 2014.




*Foinse: Tástáil Teoirice Tiomána, Nollaig 2014.*

# AN OIFIG NÁISIÚNTA UM LEIGHEAS TRÁCHTA

Comhthionscnamh idir RSA agus Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann is ea an Clár Náisiúnta seo um Leigheas Tráchta (NOTM). Is é cuspóir NOTM bheith ar thús cadhnaíochta ar cheisteanna a bhaineann le feidhmiúlacht leighis tiománaithe. Is réimse é seo atá ag éirí níos tábhachtaí agus sinn ag tuiscint conas a imríonn riochtaí éagsúla leighis tionchar ar shábháilteacht tiománaithe. Tá treoirlínte cuimsitheacha forbartha ag NOTM *Sláinte agus Tiomáint* chun a chur ar a gcumas do ghairmithe leighis comhairle a thabhairt dá n-othair ar nithe a imríonn tionchar ar an tiomáint. Is toradh é Sláinte agus Tiomáint ar theagmháil le gairmithe leighis a chlúdaíonn na speisialtachtaí ríthábhachtacha a bhaineann leis an tiomáint. Chomh maith leis sin, tá NOTM ag soláthar clár oideachais agus tacaíochta do ghairmithe leighis maidir leis an réimse feidhmiúlacht tiománaithe. I mí na Nollag 2014, lainseáil NOTM Teastas iarchéime sa Leigheas Tráchta, an chéad cheann dá chineál in Éirinn. Is é an cuspóir an réimse cleachtais tábhachtach seo, atá ag méadú, a chur i láthair gairmithe sláinte. Tá sé ceaptha chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar ról an ghairmí leighis ag measúnú feidhmiúlacht chun tiomána, ag obair mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach.



Chomh maith leis sin, tá NOTM ag spreagadh díospóireachta i measc gairmithe leighis maidir le conas a bhainistímid tiománaithe atá ag fulaingt de thoradh mí-úsáid drugaí nó alcóil nó spleáchas orthu. I measc tionscadal amach anseo táthar chun breathnú ar chur chuige i leith measúnú ar an mbóthar ar thiománaithe a d'fhulaing tinneas mór nó tráma ba chúis le tiomáint a stad agus ar mian leo tosú ag tiomáint arís. Is é an treoirphrionsabal maidir le feidhmiúlacht tiománaithe in Éirinn ná luaineacht a chumasú an oiread agus is féidir i gcomhréir le sábháilteacht ar ár mbóithre. Tá méid mór déanta agus á dhéanamh ag NOTM ar son réimse na feidhmiúlachta tiománaithe in Éirinn.

## CAIGHDEÁN TIOMÁNA SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA (ESDS)

Seasann ESDS do Emergency Services Driving Standard – caighdeán tiomána atá forbartha do thiománaithe Seirbhísí Éigeandála in Éirinn.

Lainseáil RSA an Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (ESDS) i mí na Samhna 2014 agus beidh an tÚdarás ag déanamh maoirseachta ar an tionscnamh trí Thiománaithe Seirbhísí Éigeandála, Oiliúnóirí agus Measúnóirí a dheimhniú.

Is é is aidhm leis an gcaighdeán seo spiorad na comhoibre, an chúraim agus na cúirtéise a chothú i dtiománaithe seirbhísí éigeandála. Tríd an gcaighdeán seo, ba chóir go mbeadh sé d'aidhm ag tiománaithe Seirbhísí Éigeandála caighdeán tiomána den scoth a bhaint amach atá ina eiseamláir d'úsáideoirí eile bóthair.

Sainaithníodh seo mar phríomhghníomh le cur i gcrích faoi Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020.

### PAINÉAL OIBRE ESDS

**Cuireadh painéal oibre ar bun le baill ó:**

- RSA
- Cosaint Shibhialta
- Garda Cósta na hÉireann
- Na Fórsaí Cosanta
- An Garda Síochána
- An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála
- Seirbhís Náisiúnta Otharchairr FSS
- An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil
- Cumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Tá RSA ag leanúint ar aghaidh ag obair le painéal ESDS i gcur chun feidhme ESDS laistigh dá seirbhísí.





## ATHCHÓIRIÚ NA TÁSTÁLA TIOMÁNA PRAITICIÚLA




D'fhoilsigh RSA comhairliúchán poiblí ar thodhchaí na tástála tiomána in Éirinn ar an 6 Meitheamh. Ba é 2014 comóradh 50 bliain na chéad tástála tiomána in Éirinn. D'iarr RSA ar úsáideoirí bóthair an comóradh a úsáid mar dheis chun a dtuairim a thabhairt ar conas is cóir an tástáil tiomána a dhéanamh agus sinn ag machnamh ar an dul chun cinn atá déanta sa tsábháilteacht ar bhóithre in Éirinn le 50 bliain anuas, agus breathnú ar dhúshláin an chéad 50 bliain eile de thástáil tiománaithe.

Lorg an comhairliúchán seo tuairimí an phobail ar athchóirithe molta don tástáil tiomána reatha. Bhí an pobal, agus aon pháirtí leasmhar, in ann a dtuairim a thabhairt maidir le todhchaí na tástála tiomána trí thuairim a thabhairt ar na hathchóirithe nó trí aighneachtaí foirmiúla a dhéanamh. Tar éis an phróisis comhairliúcháin, d'ullmhaigh RSA pleananna maidir le gnéithe den tástáil tiomána a bheidh faoi réir athchóiriú, agus cuirfidh siad seo san áireamh na haighneachtaí a fuarthas mar fhreagairt ar an doiciméad seo. Druideadh an comhairliúchán ar an 18 Iúil 2014.

## MÉADÚ I BPOINTÍ PIONÓIS MAR GHEALL AR RÓLUAS, GNÍOMHAÍOCHT FÓIN PÓCA AGUS NEAMHAIRD AR CHRIOSANNA SÁBHÁLA

D'fhógair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe TD, Dé hAoine an 1 Lúnasa 2014, pointí pionóis mar gheall ar róluas, fón póca a bheith sa lámh le linn tiomána agus gan crios sábhála a chaitheamh nó gan sriantaí linbh a úsáid, ardaithe ó dhá phointe go dtí trí phointe, a fhad is go n-íoctar an muirear seasta laistigh den tréimhse ordaithe. Dóibh siúd nach n-íocann an muirear seasta agus a chiontaítear ina dhiaidh sin sa Chúirt, méadóidh na pointí ó cheithre phointe go cúig phointe.




Tháinig catagóir nua, tiománaí nuacheadúnaithe, i bhfeidhm, is é sin breithneofar daoine a gheobhaidh an chéad cheadúnas ón 1 Lúnasa bheith ina núíosaigh tiománaí ar feadh a gcéad dá bhliain. Beidh ar thiománaithe nuacheadúnaithe N-phláta a thaispeáint le linn an ama sin. Dícháileofar tiománaithe nuacheadúnaithe ón tiomáint ar feadh sé mhí má bhaineann siad seacht bpointe pionóis amach, seachas an dá cheann déag atá ann faoi láthair.

Bainfidh teorainn seo na seacht bpointe chomh maith le daoine a fhaigheann a gcéad cheadúnas foghlaimeora an 1 Lúnasa nó ina dhiaidh sin. Beidh tiománaithe nuacheadúnaithe, ar nós foghlaimeoirí, faoi réir teorainneacha alcóil níos ísle. Ní bheidh sé ceadaithe dóibh feidhmiú mar thiománaithe tionlacain d'fhoghlaimeoirí le linn na tréimhse atá siad ina dtiománaithe nuacheadúnaithe.

Ar an 8 Nollaig 2014 cuireadh pointí pionóis i bhfeidhm ar thiománaithe foghlama a thiomáineann gan tionlacan agus as gan L-phlátaí agus N-phlátaí a thaispeáint nuair is gá dóibh.

# MIONDEALÚ AR PHOINTÍ PIONÓIS DE RÉIR CINEÁIL AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

| | |
|---|---|
| 22-35mcg d'alcól in aghaidh 100ml san anáil | **1,111** |
| 50-80mg d'alcól in aghaidh 100ml san fhuil | **159** |
| 67-107mg d'alcól in aghaidh 100ml san fhual | **130** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M1 | **11,988** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M2 | **196** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M3 | **237** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N1 | **1,479** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N2 | **292** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N3 | **392** |
| Sárú dualgas tráth timpiste | **488** |
| Sárú na rialach i leith tiomáint sa lána amuigh ar mhótarbhealach | **113** |
| Tiomáint Neamh-Aireach | **1,417** |
| Sárú ceanglas ag acomhail | **10** |
| Sárú ceanglas i leith cúlú | **26** |
| Trasnú líne báine leanúnaí/líne báine briste | **4,781** |
| Tiomáint Chontúirteach Anuas go Tiomáint Neamh-Aireach | **1,213** |
| Tiomáint in aghaidh rith an tráchta ar mhótarbhealach | **47** |
| Tiomáint ar ghualainn chrua/ar bhóthar nach carrbhealach é - mótarbhealach | **150** |
| An tUaslucht Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | **137** |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | **10** |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí | **41** |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí | **66** |
| An tUasmheáchan Neamhluchtaithe Sáraithe ag an Tiománaí | **2** |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí a chinntiú go bhfuil Paisinéir faoi bhun 17 mbliana ag caitheamh Crios Sábhála | **1,044** |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí Leanbh os cionn 3 bliana a chur i Srian Sábháilteachta Linbh | **1,360** |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí Leanbh faoi bhun 3 bliana a chur i Srian Sábháilteachta Linbh | **739** |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí/Úinéir | **20** |
| Níos mó ná an tUaslucht Tras-Seolta ag an Tiománaí/Úinéir | **4** |
| Tiomáint feithicle nuair nach bhfuil tú feidhmiúil | **1** |
| Tiomáint feithicle agus fón póca i do láimh | **81,675** |
| Tiomáint feadh/trasna lárstráice | **572** |
| Tiomáint feithicle atá faoi locht contúirteach | **74** |
| Tiomáint ar/trasna raon rothar | **37** |
| Tiomáint ar chosán/trasna cosáin | **112** |
| Tiomáint feithicle sula leigheastar locht | **2** |
| Tiomáint gan aird chuí | **11,746** |
| Tiomáint i limistéar greanta marcáilte | **1,431** |
| Gan gníomhú de réir chomhartha na nGardaí | **18** |
| Mainneachtain cloí le comharthaí Fan ar Dheis/Fan ar Chlé | **32** |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha | **239** |
| Mainneachtain cloí le comhartha Cosc ar Iontráil | **373** |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta coiscthe | **4,894** |
| Mainneachtain cloí le marcálacha ar lánaí tráchta | **782** |
| Mainneachtain Mala Air Linbh a Dhíghníomhachtú agus an fheithicil in úsáid | **6** |
| Mainneachtain tiomáint ar thaobh na láimhe clé | **232** |
| Mainneachtain cloí le rialacha ag crosaire comhréidh iarnróid | **1,255** |
| Mainneachtain cloí le soilse tráchta | **12,124** |
| Mainneachtain stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | **699** |
| Mainneachtain stopadh do na Gardaí | **338** |
| Mainneachtain stopadh do chomhartha maor scoile | **18** |
| Mainneachtain casadh ar chlé ar thimpeallán | **29** |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh | **245** |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh ag comhartha/líne | **234** |
| Oibleagáid ghinearálta luais – stopadh ag fad infheicthe | **8** |
| Gan deimhniú ródacmhainneachta a bheith ag an úsáideoir | **921** |
| Gan srian sábháilteachta linbh sa suíochán tosaigh – leanbh | **271** |
| Gan srian sábháilteachta linbh sa suíochán cúil – leanbh | **590** |
| Gan árachas - (úsáideoir) | **8,399** |
| Gan crios sábhála - tiománaí | **10,338** |
| Gan crios sábhála sa suíochán tosaigh - leanbh | **367** |
| Gan crios sábhála sa suíochán cúil - leanbh | **931** |
| Cion a bhaineann le Scoitheadh | **1,208** |
| Feithicil a pháirceáil in ionad contúirteach | **8** |
| Anuas go Tiomáint gan aird chuí | **281** |
| Tiomáint róghasta | **573,098** |
| Droichead a thuairteáil le feithicil | **4** |
| Úsáid feithicle gan deimhniú NCT | **7,037** |

**IOMLÁN**
**748,281**

*Foinse: Driver and Vehicle Licensing Computer Services Division (DVCSD) Mí na Nollag 2014.*

# CIONTA NUA AGUS FÓGRAÍ UM MUIREAR SEASTA

**Thug an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt isteach na cionta pointí pionóis agus fógraí um muirear seasta seo a leanas ar an 8 Nollaig 2014.**

| **Cionta a thabhaíonn Pointí Pionóis agus Muirir Sheasta** | Pointí pionóis ar íocaíocht | Pointí pionóis ar íocaíocht | Méid íoctha laistigh de 28 lá | Méid íoctha laistigh de 28 lá |
|---|---|---|---|---|
| | | | Muirear seasta € | |
| Sealbhóir ceadúnas foghlaimeora ag tiomáint gan tionlacan duine cháilithe | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Mainneachtain N-phláta nó tabard a thaispeáint | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Mainneachtain L-phláta nó tabard a thaispeáint | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Sárú coisc ar Ú-chasadh | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Sárú rialacha maidir le miontimpealláin a úsáid | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Dul ar aghaidh thar chomhartha a chuireann cosc ar iontráil d'fheithiclí | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Dul ar aghaidh thar chomhartha ag rialú lána tráchta seachas bheith ag cloí le comhartha mar sin nó gan géilleadh | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Feithicil a úsáid in áit phoiblí gan phláta údaraithe | 3 | 5 | 60 | 90 |
| Feithicil a úsáid in áit phoiblí atá modhnaithe nó athraithe ionas go bhfuil pláta údaraithe míchruinn tá pláta míchruinn | 3 | 5 | 60 | 90 |
| Feithicil a úsáid gan í a bheith feistithe le gaireas teorantóir luais nó feithicil a úsáid atá feistithe le teorantóir luais nach gcomhlíonann riachtanais ordaithe i Rialacháin | 3 | 5 | 60 | 90 |
| Dul ar aghaidh thar chomhartha uasfhad feithicle nuair atá fad na feithicle níos mó ná an t-uasfhad a thaispeántar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Dul ar aghaidh thar chomhartha uasleithead feithicle nuair atá leithead na feithicle níos mó ná an t-uasleithead a thaispeántar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Dul ar aghaidh thar chomhartha ollmheáchan deartha feithicle (sábháilteacht) nuair atá ollmheáchan deartha na feithicle níos mó ná an méid a thaispeántar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Dul ar aghaidh thar chomhartha ollmheáchan luchtaithe acastóra feithicle nuair atá luchtú acastóra na feithicle níos mó ná an méid a thaispeántar | 1 | 3 | 60 | 90 |

**12 phointe pionóis = sé mhí dícháilithe**

Sa chás gur eisíodh ceadúnas foghlaimeora do dhuine an 1 Lúnasa 2014 nó ina dhiaidh sin, le linn na tréimhse a thiomáineann an duine faoi cheadúnas foghlaimeora agus le linn na chéad dá bhliain atá an duine ag tiomáint faoina gcéad cheadúnas tiomána iomlán, ansin 7 bPointe Pionóis = sé mhí dícháilithe.



# ATHRUITHE AR CHIONTA A BHÍ ANN CHEANA

**Thug an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt isteach na hathruithe seo a leanas ar chionta pointí pionóis agus fógraí um muirear seasta seo a bhí ann cheana ar an 8 Nollaig 2014.**

| **Cionta a thabhaíonn Pointí Pionóis agus Muirir Sheasta** | **Pionós** pointí ar íocaíocht | **Pionós** pointí ar íocaíocht | Méid íoctha laistigh de 28 lá | Méid íoctha laistigh de 28 lá |
|---|---|---|---|---|
| | | | Muirear seasta € | |
| Feithicil (carr) a úsáid gan deimhniú tástála bailí NCT | 3 | 5 | 60 | 90 |
| Feithicil a pháirceáil in ionad contúirteach | 3 | 5 | 80 | 120 |
| Mainneachtain tiomáint ar thaobh na láimhe clé den bhóthar | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Scoitheadh dainséarach | 3 | 5 | 80 | 120 |
| Sárú an choisc feithicil a thiomáint ar an lárstráice nó trasna uaidh | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Mainneachtain stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 3 | 5 | 80 | 120 |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh ag comhartha/líne géill slí | 3 | 5 | 80 | 120 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha ag acomhal | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Ag trasnú líne bhán leanúnach | 3 | 5 | 80 | 120 |
| Mainneachtain cloí le soilse tráchta | 3 | 5 | 80 | 120 |
| Mainneachtain fad cuí a fhágáil idir tú féin agus an fheithicil romhat | 3 | 5 | 80 | 120 |



# SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, TAIGHDE AGUS OIDEACHAS TIOMÁNAITHE

Comhcheanglaítear sa Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre príomhfheidhmeanna, feasacht a ardú, oideachas agus taighde le heolas agus leis na scileanna cuí a thabhairt d'úsáideoirí bóithre agus iad ag dul tríd an saol. Cuidíonn agus oibríonn an Stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uile atá cláraithe don Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 le deimhin a dhéanamh gur féidir na gníomhartha a shonraítear sa straitéis a bhaint amach.

# FÓGRAÍOCHT


## FEACHTAIS FEASACHTA AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Sa bhliain 2014, reáchtáil an RSA roinnt feachtas ardphróifíle arbh é ab aidhm dóibh díriú ar na príomhchúiseanna le himbhuailtí ar bhóithre agus ar na daoine atá i mbaol imbhuailtí ar bhóithre. Comhthátháíodh na feachtais le plean póilíneachta an Gharda Síochána.


**Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhfheachtais a reáchtáladh in 2014:**




FEABH. — **ROTHAÍOCHT** — Scór Feasachta: 77%




AIB. — **FÓIN PHÓCA** — Scór Feasachta: 59%




MEITH. — **ROTHAÍOCHT** — Scór Feasachta: 75%




IÚIL — **FRITHCHANNABAS** — Scór Feasachta: 51%



LÚN. — **SÁBHÁILTEACHT AR GHLUAISROTHAIR** Folach Bíog / Draíodóir — Scór Feasachta: 31%



M. FÓMH. — **SÁBHÁILTEACHT AR GHLUAISROTHAIR** 'Underneath' — Scór Feasachta: 76%



D. FÓMH. — **FÓIN PHÓCA** — Scór Feasachta: 62%

*Foinse: Behaviour & Attitudes Survey for RSA, Iúil, Nollaig 2014.*

# FEACHTAIS NUA IN 2014

## SÁBHÁILTEACHT AR GHLUAISROTHAIR








Léiríodh dhá fhógra teilifíse nua 20 soicind agus craobhscaoileadh iad thar thréimhse shamhradh 2014. 'Magician' agus 'Hide and Seek' na teidil atá orthu agus fógraíodh iad mar fhreagairt ar an méadú i líon na mbásanna ar ghluaisrothar in 2013 agus chun aird a tharraingt ar leochaileacht agus infheictheacht gluaisrothair.

## TÁSTÁIL AR LAGÚ AR THAOBH AN BHÓTHAIR




Chun tacú le tabhairt isteach na Tástála ar Lagú ar Thaobh an Bhóthair i mí na Nollag, léirigh RSA fógrán teilifíse nua 30 soicind chun feasacht a ardú ar na cumhachtaí nua atá ag na Gardaí chun dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar drugaí. Áirítear freisin san fheachtas fógraíocht raidió, ar líne agus i bpictiúrlanna.




# TIONCHAR FÓGRAÍOCHTA / ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

I dtaighde neamhspleách arna dhéanamh ag Behaviour and Attitudes, tacaítear leis an gcumas atá ag feachtais tionchar dearfach a imirt ar athrú iompraíochta. Léiríonn torthaí suirbhé de chuid RSA ar mheon arna dhéanamh ag *Behaviour and Attitudes* (Meitheamh 2014):

- Measann 92% de dhaoine fásta go bhfuil tionchar ag fógráin teilifíse ar shábháil beatha daoine ar bhóithre na hÉireann
- Creideann 2 as 3 dhuine fásta fós nach bhfuil go leor Gardaí ag forfheidhmiú dlíthe tráchta ar ár mbóithre, agus in 2014, is dócha go mór go ndéarfadh siad nach bhfuil go leor Gardaí ag forfheidhmiú dlíthe a bhaineann le fóin phóca.
- Tacaíonn níos mó ná 80% de dhaoine fásta in Éirinn le húsáid ceamaraí slándála agus measann níos mó ná 70% go bhfuil siad éifeachtach ag imirt tionchair ar thiománaithe tiomáint níos sábháilte
- In ainneoin conspóidí maidir leis an gcóras pointí pionóis, tacaíonn 80% den phobal le húsáid pointí pionóis
- Measann 78% de dhaoine go bhfuil an córas éifeachtach.


*Foinse: Behaviour & Attitudes Survey for RSA, Iúil, Nollaig 2014.*


# SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – NA TOSCA IS MÓ TIONCHAR




*Foinse: Behaviour & Attitudes Survey for RSA, Iúil, 2014.*

# GNÍOMHAÍOCHT SNA MEÁIN - FÓGRAÍOCHT 2014



# TAIGHDE

Déanann Roinn Taighde RSA clár oibre a shainítear sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020.

Déanann an Roinn teagmháil chomh maith le Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus eagraíochtaí eile ar ghnéithe de ghníomhaíochtaí taighde ar shábháilteacht ar bhóithre.

# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE 2014

## BUNACHAR SONRAÍ UM IMBHUAILTÍ BÓITHRE

Cuirtear eolas imbhuailte a ghineann baill an Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Roinn Taighde san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhair anailíse agus foilsiú. Déantar léarscáiliú agus anailísiú ar an eolas imbhuailte sa Roinn. Foilsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre torthaí na hanailíse ina Leabhar Fírice um Imbhuailtí ar Bhóithre go bliantúil.

## SUIRBHÉ SAORLUAIS

Chuir RSA an Suirbhé Saorluais Bliantúil i gcrích in 2013. Breathnaíodh 12,410 carr, 1,386 fheithicil altach, 2,684 fheithicil dhocht agus 504 bhus aon stóir san iomlán.

- 22% de thiománaithe cairr ag sárú na luasteorann ar bhóithre na tuaithe.
- 46% de thiománaithe ag sárú na luasteorann faoi 10km/uair nó níos mó ar bhóithre uirbeacha náisiúnta le uasteorainn 50km/uair.
- Sháraigh ceathrar as cúigear tiománaithe an luasteorainn a leagadh amach i gceantair uirbeacha.

*Foinse: Suirbhé Náisiúnta Tiomsaithe Sonraí do RSA, Samhain 2014.*


## SUIRBHÉ MAIDIR LE CAITHEAMH CREASA SÁBHÁLA

In 2014, rinne RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta ar chaitheamh creasa sábhála. Breathnaíodh 14,493 thiománaí, 6,859 bpaisinéir ar daoine fásta iad agus 4,836 phaisinéir ar pháistí iad.

- 88% an ráta caite creasa sábhála i measc daltaí meánscoile, díreach mar an gcéanna leis an ráta caite do phaisinéirí cúil ar daoine fásta iad. Bhí ráta caite 93% ag daltaí bunscoile maidir le caitheamh creasa sábhála, síos 3% ó 2013 (96%).
- 92% de thiománaithe ag caitheamh creasa sábhála, feabhas 2% ar rátaí caite 2013.

**92%**

**CÉATADÁN NA NDAOINE FÁSTA (TIOMÁNAITHE, PAISINÉIRÍ TOSAIGH AGUS PAISINÉIRÍ CÚIL) A TAIFEADADH AGUS CRIOS SÁBHÁLA Á CHAITHEAMH ACU.**




*Foinse: Suirbhé Amárach RSA, Nollaig 2014.*

## SUIRBHÉ MAIDIR LE HÚSÁID FÓN PÓCA LE LINN TIOMÁNA 2014

In 2014, rinne RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta i measc 14,493 thiománaí ar úsáid fón póca.

**1/12**

**TIOMÁNAITHE A BREATHNAÍODH AGUS FÓN PÓCA BOISE Á ÚSÁID ACU AGUS IAD AG TIOMÁINT**



**9%**

**DE THIOMÁNAITHE MNÁ A BREATHNAÍODH AGUS FÓN PÓCA BOISE Á ÚSÁID ACU AGUS IAD AG TIOMÁINT**



**7%**

**DE THIOMÁNAITHE FIR A BREATHNAÍODH AGUS FÓN PÓCA BOISE Á ÚSÁID ACU AGUS IAD AG TIOMÁINT**

*Foinse: Suirbhé Amárach don RSA, Nollaig 2014.*

## SUIRBHÉ BREATHNÓIREACHTA 2014 AR CHAITHEAMH ÉADAÍ SOFHEICTHE AGUS CLOGAD (GLUAISROTHAITHE AGUS ROTHAITHE)

In 2014, rinne RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta ar rátaí caite éadaí ard-infheictheachta agus clogad.

- 41% céatadán na ngluaisrothaithe a raibh éadaí ard-infheictheachta á gcaitheamh acu
- 99% céatadán na ngluaisrothaithe a raibh clogad á chaitheamh acu
- 37% céatadán na rothaithe a raibh éadaí ard-infheictheachta á gcaitheamh acu
- 46% céatadán na rothaithe a raibh clogad á chaitheamh acu
- 7% céatadán na rothaithe a bhí páirteach i Scéim Rothar Bhaile Átha Cliath a raibh éadaí ard-infheictheachta á gcaitheamh acu
- 9% céatadán na rothaithe a bhí páirteach i Scéim Rothar Bhaile Átha Cliath a raibh clogad á chaitheamh acu

*Foinse: Suirbhé Náisiúnta Tiomsaithe Sonraí do RSA, Deireadh Fómhair/Samhain 2014.*



# SUIRBHÉ AR MHEONTA AGUS AR IOMPRAÍOCHT TIOMÁNAITHE 2014

Rinne RSA Suirbhé ar Mheonta agus ar Iompraíocht 1,000 Tiománaí in 2014.

- Measann idir 41% agus 53% de thiománaithe é a bheith inghlactha luasteorainneacha a shárú de 10km/h
- Ní úsáideann beagnach 1 in 10 tuismitheoirí Éireannacha ar tiománaithe iad srianta cuí linbh dá leanaí ina ngluaisteán
- Bhí 10% de thiománaithe páirteach in imbhualadh le cúig bliana anuas ina ndearnadh ar a laghad damáiste éigin d'fheithicil

*Foinse: Suirbhé ar Mheonta & ar Iompraíocht Tiománaithe 2014*

NÍOS MÓ NÁ
1/10
DE THIOMÁNAITHE NA HÉIREANN A RAIBH ALCÓL ACU SULAR THIOMÁIN SIAD LE 12 MHÍ ANUAS

15%
AN CÉATADÁN DE THIOMÁNAITHE ÉIREANNACHA ATÁ GNÍOMHACH AR A LAGHAD IN AMANNA AR A NGUTHÁIN PHÓCA LE LINN DÓIBH BHEITH AG TIOMÁINT

NÍOS MÓ NÁ
1/10
DE THIOMÁNAITHE ÉIREANNACHA A THIT INA GCODLADH NÓ AR THIT NÉAL ORTHU AGUS IAD AG TIOMÁINT

# LEABHARLANN

Tá leabharlann taighde bunaithe ag an Roinn Taighde ag ceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Tá an leabharlann anois ina hacmhainn shuntasach faisnéise i ngach gné de shábháilteacht ar bhóithre.

# TEAGMHÁIL IDIRNÁISIÚNTA

Tá an RSA tiomanta do rannpháirtíocht i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre den chaighdeán is airde a fhorbairt laistigh den Údarás. Comhoibríonn Roinn Taighde RSA le heagrais éagsúla idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre, ag glacadh páirte i staidéir thaighde agus ag freastal ar chruinnithe. I measc na ngrúpaí seo tá an Fóram Institiúidí Eorpacha um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); OECD—Fóram Idirnáisiúnta Iompair; an Bunachar Timpistí Tráchta Bóthair Idirnáisiúnta (IRTAD) agus Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC).

# OIDEACHAS

## RÓDSEÓNNA SÁBHÁILTEACHTA BÓTHAIR





TOINTEÁIL
**89,096**
CUAIRTEOIRÍ
78 N-IONAD







SEICEÁIL GO N-OIREANN SÉ
**6,297**
SUÍOCHÁN CAIRR SEICEÁILTE
144 IONAD

CIALL SRÁIDE
**12,317**
LEANAÍ
77 SCOIL

TAR-ROLLADH
**31,258**
TAITHÍ AR
107 N-ÓCÁID

## SEIRBHÍS NÁISIÚNTA OIDEACHAIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE



10 n-oifigeach um chur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre lonnaithe go réigiúnach ag soláthar seirbhísí go náisiúnta.

## FEACHTAIS SCOILEANNA

- 3,286 phacáiste ar ais ar scoil (Gaeilge agus Béarla) scaipthe
- 3,286 phacáiste bunscoile sirriam creasa sábhála / hi glo Silver (Gaeilge agus Béarla) scaipthe
- oiliúint rothar in 407 scoil, 18,837 bpáiste oilte
- 1,013 phacáiste ar ais ar scoil scaipthe ar mheánscoileanna



*Sirriam Creasa Sábhála RSA.*

## SCAIPEADH AGUS MARSANTÚ ÁBHAIR RSA

### NA CÚIG BHRÓISIÚR IS FEARR FEIDHMÍOCHT

- RÓLUAS
- SOILSE
- TIMPEALLÁN
- SUÍOCHÁN CAIRR LINBH
- SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE & AN DLÍ

### NA CÚIG CHAINÉAL IS FEARR FEIDHMÍOCHT



- STÁISIÚN GARDA
- COMHAIRLE CONTAE
- LEABHARLANN PHOIBLÍ
- IONAID NCT
- IONAID TÁSTÁLA TIOMÁNA

**340**
Láithreacha marsantachta

**529,301**
bróisiúir a scaipeadh

**17,200**
orduithe ar líne clárú cuntais

## SCAIPEADH ÁBHAIR ARD-INFHEICTHEACHTA 2014




**266,089**
VEIST DO DHAOINE FÁSTA



**132,119**
VEIST DO PHÁISTÍ




**123,168**
GCRIOS MUINCHILLE DO DHAOINE FÁSTA



**58,511**
CHLÚDACH MÁLA DROMA



**67,484**
BHIBE REATHA



**159,470**
CRIOS MUINCHILLE DO LEANAÍ



**5,189**
GCRIOS SAM BROWNE




**23,715**
VEIST DO DHAOINE FÁSTA




**64,435**
MHÁLA LE SREANGÁN TAR-RAINGTHE



### CAINÉIL SCAIPTHE ARD-INFHEICTHEACHTA

- ÚSÁID PHEARSANTA
- SCOILEANNA
- GRÚPAÍ POBAIL
- SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA
- ÓCÁIDÍ CARTHANAIS
- ÓCÁIDÍ SPÓIRT

# ÓCÁIDÍ BRONNTA

## DUAISEANNA LUCHT TIONCHAIR NA SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE 2014

Ceiliúrann Duaiseanna Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre scothiarrachtaí daoine chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ina gceantair. Tugann na duaiseanna deis speisialta do bhaill an phobail ómós a thabhairt dá bhfuil curtha i gcrích ag daoine ar leith chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach duine.





Roberta (Bobbie) Connolly (barr) agus Laura Doherty (bun), comh-bhuaiteoirí chatagóir Ambasadóir na Sábháilteachta ar Bhóithre ag Duaiseanna Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre 2014.



Elber Twomey, Rosanne Brennan agus Gemma O'Farrell, buaiteoirí Dhuais Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre in 2014.

## DUAISEANNA SIRRIAM SÁBHÁILTEACHTA 2014



Daltaí ón Rang a 1, Scoil Mhuire, Barraí Rua, Co. Chorcaí, ag duaiseanna an tSirriam Creasa Sábhála agus Hi-Glo Silver i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

## EOLAÍ ÓG BT 2014



Sa phictiúr ag glacadh leis an 'Duais Sábháilteachta Bóthair' arna urrú ag RSA ag Taispeántas an Eolaí Óig BT 2014 tá scoláirí ó Scoil Mhuire, Corcaigh, ar son a dtionscadail "The development and evaluation of a vehicular proximity warning device for bicycles".

## DUAISEANNA SMEDIA 2014



Eoin Sheahan, OCBÁC, sa phictiúr ag glacadh le Duais RSA ar son Iriseoireacht a Bhaineann le Sábháilteacht ar Bhóithre' ag Duaiseanna SMedia ó Justine Trautt, Oifigeach um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre.

# TEAGASCÓIR TIOMÁNA FORMHEASTA (ADI)

Approved Driving Instructor

Ón 30 Aibreán 2009 i leith, is tionscadal rialaithe in Éirinn é teagasc tiomána. Clúdaíonn na rialacháin caighdeán teagaisc, na scrúduithe atá le déanamh chomh maith le pionóis as sáruithe an dlí.

Chun bheith ag obair mar theagascóir tiomána in Éirinn, caithfidh teagascóir bheith ar Chlár RSA de Theagascóirí Tiomána Formheasta (ADI) agus ceadúnas Teagascóra Tiomána Formheasta (ADI) a thaispeáint. Chun bheith cláraithe agus ceadúnas iomlán ADI a fháil, déanann RSA measúnú ar gach stiúrthóir chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na nithe a leanas mar is gá acu:

- Eolas ar rialacha an bhóthair agus ar shábháilteacht ar an mbóthar
- Cumas tiománaí
- An cumas tiománaí foghlama a theagasc

Amhail an 31 Nollaig 2014, bhí 1,956 Theagascóir Tiomána Formheasta (ADI) ag obair sa tionscal.

## BUNOILIÚINT TOSAIGH (IBT) DO GHLUAISROTHAITHE

An cúrsa oiliúna éigeantach ina dteagasctar bunscileanna gluaisrothaíochta do ghluaisrothaithe foghlama is ea Bunoiliúint Tosaigh (IBT). Tá an cúrsa mar chuid de scéim an RSA um Cheadúnú Tiomána Forchéimnitheach (GDL) agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Cúrsa 16 huaire is ea an IBT Bhunúsach agus cuirtear ar fáil í i gceithre mhodúl ar leith, ceann i ndiaidh a chéile.

Mhéadaigh líon na n-ionad oiliúna formheasta IBT go 78 gceann agus is é an líon teagascóirí gluaisrothair formheasta anois ná 92, ar IBT iad 87 acu.

Tá córas TFC nua forbartha chun ligean do Theagascóirí IBT a dtaifid oiliúna a bhainistiú agus soláthairtí a ordú go leictreonach. Beidh foghlaimeoirí in ann a dtaifead oiliúna pearsanta a sheiceáil trí thairseach nua ar shuíomh gréasáin RSA ar a dtugtar ‘MYIBT’.




*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*



## OILIÚINT RIACHTANACH DO THIOMÁNAITHE (EDT)

- Ó tugadh isteach é tá breis agus 1,400,000 ceacht EDT tugtha do bhreis agus 156,967 tiománaí foghlama.
- I láthair na huaire, tá níos mó ná 1,600 ADI ag tabhairt ceachtanna EDT d'fhoghlaimeoirí ar fud na tíre.
- Ba é líon na gceachtanna EDT a cuireadh i gcrích le linn 2014 ná 492,355.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## DEIMHNIÚ AR INNIÚLACHT GHAIRMIÚIL TIOMÁNAITHE (CPC TIOMÁNAITHE)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint an tslí bheatha atá acu) an cháilíocht CPC Tiománaithe atá acu a choinneáil trí oiliúint thréimhsiúil aon lae a chur i gcrích gach bliain.

**I LÁTHAIR NA HUAIRE TÁ 125 EAGRAÍOCHTAÍ OILIÚNA FAOFA LE 423 IONAD OILIÚNA FORMHEASTA AGUS 855 OILIÚNÓIR CPC FAOFA AR FUD NA TÍRE**

- Níos mó ná 398,915 lá oiliúna (suas go deireadh mhí na Nollag 2014) curtha i gcrích ó tugadh isteach CPC, le 95,071 lá oiliúna curtha i gcrích in 2014.
- Roimh an 10 Meán Fómhair 2014, tugadh a gCárta CPC Tiománaí Trucaile do 39,000 tiománaí trucaile.
- Rinneadh 5,691 tástáil teoirice CPC Tiománaí ar fad, lena n-áirítear an tástáil ilroghnach CPC Chéim 1, an tástáil cás-staidéar CPC Bus agus an tástáil cás-staidéar CPC Trucaile.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

Tá an próiseas a bhaineann le ceadúnas tiomána gairmiúil déanta níos seolta tríd an ngá tástáil teoirice CPC Chéim 1 a chur as an áireamh. Tá an t-eolas agus an tuiscint a tástáladh roimhe seo mar chuid den tástáil seo cuimsithe anois sa tástáil teoirice chun ceadúnas trucaile nó bus a fháil. Chomh maith leis sin, tá roghanna cruthaithe a chiallaíonn gur féidir le tiománaí níos mó coigiltí a dhéanamh trí comhthástáil trucaile agus bus, nó tástáil teoirice laghdaithe nuair a chuireann siad an chatagóir mhalartach lena gceadúnas foghlaimeora.

## 46Ú COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA CIECA ARNA HÓSTÁIL I MBAILE ÁTHA CLIATH

Bhí lúcháir ar Bhord RSA Comhdháil Idirnáisiúnta CIECA 2014 a óstáil, an t-eagras idirnáisiúnta um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe. Bhí an ócáid ar bun i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meitheamh 2014 agus d'fhreastail saineolaithe atá ar thús cadhnaíochta ar an ábhar ó thimpeall an domhain. Ba é ábhar na comhdhála **'Hazard perception and the development of simulation techniques in the theory and practical tests'**.



Stiúrthóir Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe RSA an tUasal Declan Naughton (ar chlé), agus Uachtarán CIECA, an tUasal Karl Hakuli, ag cuidiú leis, ag cur i láthair an Uasail Jan Schepmann (ar dheis) de chuid TUV na Gearmáine, a bheidh ag óstáil an 47ú Comhdháil i mBeirlín ón 6 go dtí an 9 Bealtaine 2015. Beidh an chomhdháil á comhóstáil ag VdTÜV agus DVR.

# CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ

Ceann de phríomhchuspóirí RSA is ea saolta a shábháil agus gortuithe a laghdú trí dhéine imbhuailtí feithiclí a sheachaint agus a íoslaghdú. Ar Stiúrthóireacht Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú RSA atá an fhreagracht as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht feithicle agus comhlíonadh a fheabhsú chun bainistíocht éifeachtach agus shábháilte feithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Cuimsíonn Stiúrthóireacht an RSA um Chaighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú an Rannóg um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála agus an Rannóg um Fhorfheidhmiú, atá lonnaithe i mBaile Locha Riach, agus an Rannóg um Chaighdeáin Feithiclí, atá lonnaithe i mBéal an Átha.

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú na príomhréimsí agus feidhmeanna seo a leanas:

- Cineálcheadú agus rialúchán feithiclí nua nó cur i seirbhís feithiclí agus rialúchán feithiclí in úsáid ar ár mbóithre;
- Reachtaíocht AE agus náisiúnta a bhaineann le hiompar ar bhóithre a fhorfheidhmiú i dtaobh tacagraf, rialacha uaireanta tiománaithe, an Treoir ar Am Oibre agus CPC Tiománaithe agus riachtanas ceadúnas oibritheora iompar bóthair a bheith agat;
- Údarú oibreoirí agus tástálaithe tástála Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála;
- Maoirsiú a dhéanamh ar an gcóras um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála chun caighdeán agus sláine na scéime a chinntiú lena n-áirítear oibleagáidí cothabhála oibreoirí agus chun cuidiú leis an nGarda Síochána nuair atá seiceálacha i gcomhair ródacmhainneachta á ndéanamh ar fheithiclí tráchtála ar thaobh an bhóthair;
- An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora thar ceann an Stáit;
- An Scéim um Eisiúint Cártaí Tacagraif Dhigitigh a riar thar ceann an Stáit
- An tseirbhís tástála feithiclí ADR (iompar earraí contúirteacha) a riar.

Cuireann an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú i gcónaí le Straitéis fhoriomlán an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tá príomhról aige maidir le tacú le cuspóirí an Rialtais beatha daoine a shábháil agus imbhuailtí a laghdú ar ár mbóithre. Is é aidhm fhoriomlán na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go bhfuil caighdeáin feithiclí agus nósanna imeachta tástála ar aon dul leis an gcleachtas is fearr, go gcomhlíonann oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála na dualgais atá orthu feithiclí tráchtála a úsáid agus a fheidhmiú go sábháilte agus go gcuireann obair na Stiúrthóireachta leis an RSA a bheith ina údarás aitheanta éifeachtach ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de.



# RÓDACMHAINNEACHT FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA

Tá RSA freagrach anois as maoirseacht fhoriomlán an chórais tástála Ródacmhainneachta feithiclí tráchtála agus as údarú Oibreoirí agus Tástálaithe Tástáil CVR.

Is tástáil ródacmhainneachta í an Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) do gach feithicil trádála, busanna le níos mó ná ocht suíochán paisinéara agus otharchairr, go léir níos sine ná aon bhliain amháin. Is é cuspóir na tástála seo a chinntiú go bhfuil dea-bhail ar na feithiclí seo ar feadh a saolré ar fad.

Caithfear gach feithicil tráchtála a thástáil nuair atá siad níos sine ná aon bhliain d'aois agus uair sa bhliain ina dhiaidh sin.

Tá dhá chineál tástála feithiclí tráchtála ann, ceann d'Fheithiclí Tráchtála Éadroma (LCV) agus ceann d'Fheithiclí Tráchtála Troma (HCV).

## BUAICPHOINTÍ 2014

1. Athnuadh 107 (73%) d'údaruithe oibreoirí ionaid tástála CVR a chomhlíon na caighdeáin nua maidir le háiseanna agus trealamh faoi dheireadh 2014.
2. 418 athnuachan thástálaí CVR i gcrích faoin spriocdháta, an 27 Meán Fómhair 2014.
3. 1,658 gcigireacht ar ionaid tástála CVR curtha i gcrích in 2014 ag Soláthraí Seirbhísí Teicniúla RSA, Bureau Veritas.
4. Tugadh faoi 1,796 thástáil bhreathnaithe agus 623 thástáil neamhspleácha le linn 2014 chun cruinneas na dtástálacha ar thug tástálaithe fúthu a fhíorú.
5. Léirigh 96% de thástálacha a breathnaíodh gur cuireadh an modh tástála i gcrích de réir nósanna imeachta.
6. Cuireadh tús le 45 iniúchadh éagsúla a raibh baint ag 39 n-ionad tástála leo agus cuireadh bearta coigeartaithe i bhfeidhm nuair a measadh seo a bheith cuí agus tátail an iniúchta san áireamh.
7. Cuireadh seiceálacha comhsheasmhachta trealaimh i gcrích ar threalamh tástála Feithiclí Éadroma Tráchtála ag 133 ionad tástála.
8. Chuir Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (AIT) oiliúint ar fáil do 810 rannpháirtí ag 78 gcúrsa dírithe ar a chinntiú go bhfuil siad siúd atá údaraithe chun tástáil a dhéanamh oilte chuig na caighdeáin chuí.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*


## COMHLÍONADH TÁSTÁLA FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA

In 2014, lean gach tástáil feithiclí tráchtála ar aghaidh ar an gcomhchóras tástála, CoVIS. Rollaigh RSA amach an chéad chéim eile den chóras le háiseanna ar líne méadaithe d'úinéirí feithicle tráchtála agus chomh maith leis sin comhtháthú gníomhaíochtaí forfheidhmithe RSA.


In 2014 tugadh faoi 139,044 dtástáil Feithiclí Tráchtála Troma (HCV) agus 487,779 dtástáil Feithiclí Tráchtála Éadroma (LCV). B'ionann seo agus méadú 12% i líon na HCVanna agus méadú 14% i líon na LCVanna a tástáladh ó 2013 i leith.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*


HCV - Líon na dTástálacha 2012 - 2014





LCV - Líon na dTástálacha 2012 - 2014




2013 vs 2014 - Líon na dTástálacha HCV






2013 vs 2014 - Líon na dTástálacha LCV





*Foinse: RSA, Nollaig 2013, 2014.*

Bhíothas in ann na pasrátaí agus na teiprátaí d'fheithiclí tráchtála a ndearnadh tástáil iomlán orthu (seachas torthaí ó atástálacha) a bhrath ó mhí Dheireadh Fómhair 2013 ar aghaidh de bharr an Chórais CoVIS a bheith tugtha isteach.






HCV - Tástáil iomlán - Pasrátaí / Teiprátaí 2014




HCV - Tástáil iomlán - Pasrátaí / Teiprátaí 2014




## COMHLÍONADH THÁSTÁIL CVR 'IN AM' - 2014




*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

Ar an iomlán, le linn 2014 bhí biseach ginearálta maidir le comhlíonadh tástála in am. Úsáidtear neamhchomhlíonadh ard do LCVanna agus feithiclí 3,500 go 7,500 kg nuair atáthar ag díriú ar riosca.

BUSANNA BA MHÓ A BHÍ COMHLÍONTACH LE BHEITH IN **80%** AM NÓ LAISTIGH D'AON MHÍ DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA IN 2014.

**72%**




DE HGVANNA OS CIONN 7,500 KG A THÁSTÁIL LAISTIGH D'AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA.

**48%**




DE HGVANNA IDIR 3500 KG AGUS7500 KG. TÁSTÁLADH GVDW LAISTIGH D'AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA.

## CRWanna

D'eisigh an RSA níos mó ná leathmhilliún Teastas Ródacmhainneachta (CRW) go lárnach d'úinéirí cláraithe feithiclí tráchtála amhail deireadh Nollaig 2014, ag cur deireadh leis an ngá do gach duine de na húinéirí seo cuairt a thabhairt ar a MTO chun an ráiteas pas a mhalartú ar CRW a bhí acu roimh an athchóiriú.


Le linn 2014, cuireadh roinnt seirbhísí gaolmhara breise ar fáil do chustaiméirí ar CVRT.ie, lena n-áirítear:

- An cumas iarratas a dhéanamh ar ionadaithe CRW ar líne agus íoc astu
- An cumas iarratais ADR a dhéanamh ar líne agus íoc astu
- Níos mó solúbthachta chun do thástáil feithicle tráchtála a chur in áirithe ar líne


*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## LOCHTANNA AR FHEITHICLÍ TRÁCHTÁLA AG AN TÁSTÁIL

Le linn 2014, fuarthas go raibh lochtanna ag baint le níos mó ná 5,000 feithicil tráchtála a bhí chomh contúirteach sin go raibh 'fógra teipe' ag teastáil uathu agus, rud is ábhar imní, bhain an chuid ba mhó acu seo le coscáin.




*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*



## AR THAOBH AN BHÓTHAIR

Tá feabhsú 12% sa chomhlíonadh ó bhí 2013 ann. Is ábhar imní fós é go raibh lochtanna contúirteacha ar 191 fheithicil san iomlán, a thug údar le gníomh láithreach amhail gaibhniú, deisiú ar an láthair nó tástáil nua. 7% de HCVanna a seiceáladh ar thaobh an bhóthair nach raibh diosca bailí CRW ar taispeáint acu.

In 2014, ghlac Cigirí Feithiclí an RSA páirt in 2,099 seicphointe ar thaobh an bhóthair leis an nGarda Síochána agus seiceáladh níos mó ná 18,700 feithicil tráchtála.

B'ionann seo agus méadú 24% i gcomparáid le 2013.

**7%**
de HCVanna a seiceáladh ar thaobh an bhóthair nach raibh diosca bailí CRW ar taispeáint acu

**191** fheithicil a bhí lochtach go contúirteach agus bhí gníomh láithreach ag teastáil mar gheall orthu, lena n-áirítear gaibhniú, cóiriú ar an láthair nó tástáil nua.

NOCHT SEICEÁLACHA
**8,226**
FEITHICLÍ
NÓ 44% A RAIBH LOCHTANNA ORTHU

## FEITHICLÍ EARRAÍ TROMA (HGVANNA)


Rinneadh imscrúdú ar ródacmhainneacht **14,989 BHFEITHICIL** le catagóir tástála HGV ar thaobh an bhóthair in 2014 agus

**43%** an céatadán díobh ar aimsíodh go raibh locht de chineál éigin orthu

**31%** an céatadán díobh a sainmhíníodh mar mhórlochtanna.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## BUSANNA SCOILE



RINNEADH IMSCRÚDÚ AR RÓDACMHAINNEACHT
**865**
DE BHUSANNA SCOILE
AR THAOBH AN BHÓTHAIR IN 2014


**17%**
AN CÉATADÁN DÍOBH A SAINMHÍNÍODH MAR MHÓRLOCHTANNA.

**48%**
CÉATADÁN NA MBUSANNA SIN AR AIMSÍODH GO RAIBH LOCHT DE CHINEÁL ÉIGIN ORTHU.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## FEITHICLÍ EILE PAISINÉIRÍ SEACHAS BUSANNA SCOILE

Imscrúdaíodh riocht ródacmhainneachta 654 fheithicil ar fad le catagóir thástáil CVR feithicle paisinéara (seachas busanna scoile) ar thaobh an bhóthair in 2014 agus aimsíodh go raibh lochtanna ar 54% díobh seo. 28% díobh a sainmhíníodh mar mhórlochtanna. Áiríonn an chatagóir seo feithiclí le níos mó ná 8 suíochán paisinéara, a bhfuil an chuid is mó acu in ann níos mó ná 14 phaisinéir a iompar.




**LOCHT A BHAIN LE FONNADH/ CROCHADH:** Meirge leitheadach ar chrochadóir sprionga an leathleantóra

**LOCHT AR THREALAMH COSCÁNAITHE:** Feadán coscáin clampáilte le bísghreamán agus cleibhí coscáin bainte

**LOCHT A BHAIN LE CROCHADH:** Lárbholta an sprionga scaoilte agus u-bholtaí scaoilte.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## FORBHREATHNÚ AR AN NGNÍOMHAÍOCHT CHUN TACÚ LE COMHLÍONADH FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA AGUS TIOMÁNAITHE IN 2014

Sa bhliain 2014, lean RSA agus an Garda Síochána d'fhorfheidhmiú na comhstraitéise um fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair a bheidh ar bun go dtí an bhliain 2019 ar aon dul le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Príomhphrionsabal de chuid straitéis forfheidhmithe RSA is ea tacú le hoibreoirí comhlíontacha trína chinntiú go ndírítear forfheidhmiú níos mó agus níos mó orthu siúd nach bhfuil ag comhlíonadh na rialacha, mar sin ag íoslaghdú an chuir isteach orthu siúd atá comhlíontach.

Glacadh roinnt céimeanna in 2014 chun tacú le forfheidhmiú níos dírithe, lena n-áirítear:

- Rochtain ar fhaisnéis oibreora agus feithicle ar thaobh an bhóthair trí aip aimsithe fóin chliste chun iad siúd atá neamhchomhlíontach a aithint agus rochtain éasca a éascú ar stair chomhlíontach ar thaobh an bhóthair.

- Liosta faire de CRWanna a cuireadh ar bun mar threoirscéim ar chóras ANPR an Gharda Síochána.
- Dearadh teicniúil de ANPR Móibíleach a cuireadh ar bun mar threoirscéim le húsáid ag seiceálacha RSA ar thaobh an bhóthair.
- Láithreacha agus amanna seiceálacha ar thaobh an bhóthair a díríodh ar thionscadail ar leith agus bealaí oibreora is mó aithne.
- Le linn 2014 díríodh forfheidhmiú ar na catagóirí úd ina raibh na leibhéil ab airde neamhchomhlíontachta.
- In 2014 cuireadh an fáil an áis d'oibreoirí chun clárú agus féindearbhú ar líne agus leagadh síos an bhonnchloch maidir le forbairt Táscaire Riosca Feithicle Tráchtála (CVORI). Is bunmhíreanna an dá rud seo a úsáidfidh RSA amach anseo chun cuidiú le comhlíonadh a thomhas agus a mhonatóiriú agus a chinntiú go bhfuil forfheidhmiú dírithe orthu siúd a shocraíonn bheith neamhchomhlíontach.

## SEICEÁLACHA AR OIBREOIRÍ: DUALGAIS CHOTHABHÁLA AGUS DEISITHE

Sa bhliain 2013, tugadh dualgas nua isteach ar oibreoirí agus ar úinéirí Feithiclí Tráchtála Troma córais deisithe agus chothabhála a bheith i bhfeidhm acu. Tugadh faoi 3,707 gcigireacht ar áitribh in 2014. Astu seo, aimsíodh go raibh córais imleor i bhfeidhm ag 26% agus tugadh oideachas agus comhairle do 74% agus marcáladh iad le haghaidh athchuairte.

Tosaíodh gníomh forfheidhmithe i ndeireadh 2014, le 131 chigireacht leantacha déanta ónar eisíodh 55 fhógra treorach ar son neamhchomhlíonadh. Thosaigh obair ullmhúcháin ar son neamhchomhlíonadh ródacmhainneachta in 2014 leis na chéad ionchúisimh, is dócha, in 2015.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## FORFHEIDHMIÚ UAIREANTA TIOMÁNAITHE AGUS TACAGRAIF, LENA N-ÁIRÍTEAR CEADÚNÚ OIBREOIRÍ

Forfheidhmíonn Oifigigh Iompair RSA na rialacháin i dtaobh uaireanta tiománaithe, tacagraf agus ceadúnú oibreoirí ar thaobh an bhóthair agus ag áitreabh oibreoirí.

- Aimsíodh 10,821 shárú ar na rialacháin le linn cigireachtaí a rinneadh in 2014
- Bhí laghdú 6% i líon na sáruithe ar rialacháin a bhain le huaireanta tiománaithe, ceadúnú agus tacagraf
- Léiríonn laghdú 5% i líon na ráiteas a tógadh ó oibreoirí agus ó thiománaithe le linn 2014 go bhfuil iompraíocht comhlíontach ag feabhsú.

Tá trealamh faighte agus in úsáid le cabhrú le hOifigigh Iompair mí-ionramháil tacagraif a bhrath ar thaobh an bhóthair agus in áitreabh oibreora araon.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## SEICEÁLACHA AR THAOBH AN BHÓTHAIR: OIBLEAGÁIDÍ MAIDIR LE HUAIREANTA OIBRE, TACAGRAIF AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Ghlac Oifigigh Iompair RSA páirt in 1,000 seiceáil ar thaobh an bhóthair in 2014 agus rinne siad imscrúdú ar 91,429 dtaifead ama tiomána i gcás 3,669 dtiománaí. Tá seo i gcomparáid le 813 sheiceáil agus 4,048 n-imscrúdú tiománaithe in 2013. Tionscnaíodh 247 n-ionchúiseamh ag na seiceálacha seo ar thaobh an bhóthair.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## SEICEÁLACHA AR OIBREOIRÍ: OIBLEAGÁIDÍ MAIDIR LE HUAIREANTA OIBRE, TACAGRAIF AGUS CEADÚNÚ

Rinneadh 502 chigireacht ar áitreabh oibreoirí in 2014 i gcomparáid le 528 in 2013. Le linn na bliana 2014, sheiceáil Oifigigh Iompair 4,659 dtiománaí ag na cigireachtaí sin le hanailís ar 663,845 thaifead. Tá seo i gcomparáid le 4,018 dtiománaí agus 462,590 taifead in 2013.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## RATH RSA SA CHÚIRT 2014

Chuir RSA 166 chás i gcrích go rathúil sna Cúirteanna Dúiche le linn 2014 (i gcomparáid le 120 cás in 2013). Ba le sáruithe ar rialacha i dtaobh uaireanta tiománaithe, tacagraf agus ceadúnú oibreoirí a bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa Chúirt. Bhí méadú 4% ar líon na ráiteas le haghaidh ionchúisimh a cuireadh isteach de bharr cigireachtaí ar thaobh an bhóthair agus cigireachtaí ar áitreabh oibreoirí, agus 340 ráiteas á gcur isteach ag Oifigigh Iompair sa bhliain 2014 i gcomparáid le 355 cheann sa bhliain 2013.

Is ar shuíomh Gréasáin an RSA ag www.rsa.ie/prosecutions a fhoilsítear na torthaí ó chásanna an RSA.

Ábhar imní go fóill is ea leibhéal na bpionós a bhíonn á bhforchur ag an gCúirt de bharr cionta tromchúiseacha sábháilteachta ar bhóithre ag feithiclí tráchtála, ach aithnítear gur faoin gCúirt sin amháin a bhíonn sé an cinneadh a dhéanamh. Tá sé beartaithe ag RSA an cur chuige i leith smachtbhannaí a athbhreithniú chun a chinntiú go gcruthaíonn siad díspreagadh tráthúil agus éifeachtach don neamhchomhlíonadh ag ciontóirí a bhfuil neamhaird oscailte acu do na rialacha, agus ag an am céanna tacú le hoibreoirí comhlíontacha.

## TUARASCÁLACHA Ó BHALLSTÁIT EILE MAIDIR LE SÁRUITHE TIOMÁNAITHE

Fuarthas tuarascálacha ó Bhallstáit eile a bhain le sáruithe tiománaithe maidir le tacagraf agus le rialacha uaireanta tiománaithe agus iad ag feidhmiú sna Stáit sin. Taifeadtar an fhaisnéis seo agus úsáidtear í le díriú ar oibreoirí.

# DO CHUID DUALGAS A BHEITH AR EOLAS AGAT

D'fhoilsigh RSA raon faisnéise agus ábhar treorach, lena n-áirítear físeáin, chun cabhrú le hoibreoirí na dualgais dhlíthiúla éagsúla atá orthu a chomhlíonadh. Fógraíonn RSA go rialta i nuachtáin náisiúnta agus ar an raidió. D'fhreastail RSA ar a lán comhdhálacha/seimineár tionscail i rith 2014, ag roinnt eolais trí chuir i láthair. Tá físeáin ar fáil ar chainéal YouTube RSA. Tá an t-ábhar comhairleach agus treorach ar fad ar fáil ar www.CVRT.ie agus www.rsa.ie

Scaiptear faisnéis ag seicphointí ar thaobh an bhóthair, ag cúrsaí CPC Tiománaithe, ag seimineáir agus trí ionaid eile. Foilsíonn an RSA ailt freisin in irisí trádála ar nós Fleet Magazine. Bíonn teagmháil leanúnach idir an RSA agus na cumainn éagsúla ionadaíocha maidir le saincheisteanna agus le malartú faisnéise. Creideann an RSA go mbaineann ríthábhacht leis na hidirghníomhartha sin maidir le feabhas a chur ar thuiscint, le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus le comhlíonadh a fheabhsú.



# NCTS

## ROINNT BUAICPHOINTÍ Ó 2014

Cuireadh feabhsuithe nua ar sheirbhís do chustaiméirí ag an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna ón 28 Iúil 2014. Cuidíonn na bearta nua seo chun sábháilteacht carranna athláimhe a fheabhsú ar ár mbóithre agus cabhraíonn siad le tomhaltóirí a chosaint ó chalaois.

- **Tástáil Luath Dheonach Feithiclí**

Is féidir le húinéirí feithiclí a bhfeithicil a thabhairt i láthair anois le haghaidh cigireachta níos mó ná 90 lá roimh dháta dlite a NCT. De thoradh pas a fháil sa tástáil roimh an tréimhse 90 lá seo, gheobhaidh an fheithicil deimhniú atá bailí ar feadh 2 bhliain (nó 1 bhliain amháin ag brath ar aois na feithicle) ó dháta na tástála rathúla.

- **Priontáil agus Fíorú Léamha Odaiméadair ag an Láithreoir**

Priontálfar léamha odaiméadair tar éis an 28 Iúil 2014 ar an Deimhniú agus Diosca NCT. Taispeánfaidh an Deimhniú NCT anois stair mhíleáiste na feithicle. Nuair atá sí ar fáil, is é a bheidh sa stair mhíleáiste an léamh a bhaineann leis an NCT is deireanaí agus na trí cinn roimhe seo. Ó tharla gur córas nua é seo, ní thaispeánfaidh sé ach míleáiste a taifeadadh le linn tástálacha a rinneadh ó Iúil 2014 ar aghaidh.

- **Cion Muirir Sheasta**

Ón 8 Nollaig 2014 tá tiomáint gan NCT bailí ina chion muirir sheasta a thabhaíonn 3 phointe pionóis. Ó 2009 i leith, tá sé ina chion pointí pionóis feithicil a úsáid gan NCT bailí. Roimh an athrú i mí na Nollag, is é a bhí i gceist leis an gcion seo toghairm dhíreach chun na cúirte agus sannadh 5 phointe pionóis nuair a chiontaítear. Faoin gcóras nua muirir sheasta, eiseofar do chiontóir anois muirear seasta agus, nuair a íoctar an muirear €60, sannfar 3 phointe pionóis dá gceadúnas tiomána.


## FAOI NCTS

Tá tástáil thréimhsiúil ar ródacmhainneacht carranna paisinéirí éigeantach i ngach Ballstát den Chomhphobal Eorpach, de réir Threoir 2009/40/CE agus Threoir 2010/48/AE. Tugadh NCT isteach sa bhliain 2000 agus ag an am seo ba é an pasráta ar an gcéad iarracht díreach os cionn 4%.

Tá Applus Car Testing Service Ltd (ACTS) freagrach as feidhmiú na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna (NCTS) in Éirinn. Feidhmíonn sé faoi Chomhaontú Tionscadail le RSA a dheonaigh an ceart eisiach an tseirbhís a sholáthar ar feadh 10 mbliana go dtí 2019. Cuirtear an NCTS ar fáil i 47 n-ionad tástála ar fud na tíre agus fostaíonn sí thart ar 800 ball foirne, a bhfuil 580 ina gCigirí Feithiclí.

Beart coisctheach tábhachtach ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de is ea tástáil i gcomhair ródacmhainneachta. Cinntíonn sí gur in ord agus in inneall atá na feithiclí, go háirithe feithiclí níos sine, a úsáidtear ar ár mbóithre. Tá an Tástáil Náisiúnta Carranna (NCT) in Éirinn i bhfeidhm le 15 bliana anuas agus tá sí éigeantach i gcás carranna atá os cionn ceithre bliana d'aois. Is é an phríomhaidhm atá léi ná feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus cur le cosaint chomhshaoil trí mheasúnú neamhspleách ar ródacmhainneacht agus ar leibhéal astaíochtaí carranna a chur ar fáil go tráthrialta le linn a saolré. Tá an NCT níos tábhachtaí ná riamh toisc go bhfuil meánaois an fhlít carranna tar éis méadú go 8.5 bliana.

## LÍON NA NIONAD TÁSTÁLA IN 2014




*Foinse: NCTS, Nollaig 2014-2014.*

FIGIÚIRÍ TÁSTÁLA 2013 (Iomlán: 1,170,874)

FIGIÚIRÍ TÁSTÁLA 2014 (Iomlán: 1,344,267)

## DEIMHNIÚ ISO 17020

Bhronn an Bord Náisiúnta Creidiúnaithe (INAB) creidiúnú ISO 17020 ar Applus Car Testing Service Ltd.

## MONATÓIREACHT AR NCTS

Agus cúnamh á fháil aige ón gConraitheoir Seirbhísí Maoirseachta (SSC), ó PricewaterhouseCoopers, agus ó Chonraitheoir Gnéithe Teicniúla (TEC), AA Ireland Ltd, déanann an RSA monatóireacht ar chomhlíonadh príomh-mhéadrach feidhmíochta agus ar chomhlíonadh comhaontuithe seirbhíse chonraitheoir an NCTS.

Ní mór do chonraitheoir an NCTS roinnt caighdeáin thábhachtacha feidhmíochta a chomhlíonadh ar bhonn ráithiúil, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Ní mór an meán-am feithimh ar áirithint tástála ar fud na seirbhíse ina hiomláine a bheith níos lú ná 14 lá agus ní mór é a bheith níos lú ná 21 lá in ionaid tástála aonair.
- Ní mór an meán-innéacs ilchodach feidhmíochta a bhaineann le hiniúchtaí oibriúcháin na nIonad Náisiúnta Tástála Carranna a bheith cothrom le 90%. Áirítear leis sin iniúchtaí ar gach gné den tseirbhís, amhail áitreabh, comharthaíocht, áiseanna, nósanna imeachta, seirbhís do chustaiméirí agus tástáil seiceálacha.

**80%**
**AN CÉATADÁN D'ÚINÉIRÍ AR GÁ A GCARRANNA A THÁSTÁIL 4-6 SEACHTAINE ROIMH DHÁTA DLITE NA TÁSTÁLA.**

**NÍ MÓR DON LEIBHÉAL SÁSTACHTA CUSTAIMÉIRÍ LEIS AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA TÁSTÁLA CARRANNA, DE RÉIR SHAINMHÍNIÚ AN INNÉACS ILCHODAIGH FEIDHMÍOCHTA DO CHUSTAIMÉIRÍ, A BHEITH COTHROM LE**
**80%**

## SEICEÁLACHA COMHSHEASMHACHTA

Tugtar faoi thástálacha comhsheasmhachta ceithre huaire in aghaidh na bliana. Déantar iad trí fheithicil amháin a thástáil ar gach ceann de na 99 lána tástála sna 47 ionad NCT. Cinntíonn sé sin go mbíonn torthaí trealaimh comhsheasmhach le chéile agus go dtagann siad faoi lamháltais is inghlactha ionas gur féidir leis an RSA agus leis an bpobal a bheith muiníneach gurb ionann caighdeáin an trealaimh thástála do gach ionad. Breathnaíonn an TEC ar shraith amháin seiceálacha comhsheasmhachta ar a laghad gach bliain.

## STAIDÉAR AR SHÁSTACHT SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ NCT

Déantar suirbhéanna ar shástacht custaiméirí go ráithiúil chun a chinntiú go bhfuil NCTS ag comhlíonadh an chaighdeáin atá riachtanach. B'ionann sástacht leis an tseirbhís fhoriomlán a fuarthas ón NCTS in 2014 agus 82.83%

*Foinse: NCTS, Nollaig 2014.*

**99%**
**AN CÉATADÁN DE THORTHAÍ NACH MÓR A DHEIMHNIÚ A BHEITH CRUINN AGUS AN TÁSTÁIL Á SEICEÁIL.**

## LÍON NA DTÁSTÁLACHA A RINNE AN NCTS

Rinneadh 1,344,265 thástáil, an líon is airde tástálacha i stair na Tástála Náisiúnta Carranna, in 2014. D'fhéadfadh sé go bhfuil an méadú uimhreacha in 2014 mar gheall ar an titim i ndíolacháin carranna nua le blianta beaga anuas, ar mheánaois an fhlít náisiúnta agus carranna atá 10 mbliana agus níos sine dá gcéad dtástáil bhliantúil.

## PASRÁTAÍ TÁSTÁLA IOMLÁINE V ATÁSTÁLA (2008-2014)

| | Tástáil Iomlán | % Pasráta Tástála Iomláine | Atástáil | % Pasráta Atástála |
|---|---|---|---|---|
| **2008** | 835,802 | 51.90% | 402,125 | 86.80% |
| **2009** | 864,499 | 51.50% | 367,467 | 90.70% |
| **2010** | 893,713 | 51.70% | 379,622 | 90.60% |
| **2011** | 984,968 | 50.50% | 464,337 | 90.50% |
| **2012** | 1,067,984 | 48.30% | 532,585 | 90.50% |
| **2013** | 1,170,899 | 46.60% | 614,035 | 90.50% |
| **2014** | 1,344,265 | 48.40% | 682,365 | 90.90% |

*Foinse: NCTS, 2008- 2014.*


## AN MÉID A IMSCRÚDAÍONN TÁSTÁIL NCT

Seiceáil ar chothabháil agus ar riocht atá in NCT. Ní cuid den tástáil é measúnú mionsonraithe ar dhearadh agus ar thógáil feithicle. Tá na míreanna go léir a thástáiltear ag NCT leagtha síos i Lámhleabhar NCT ar féidir é a fheiceáil ar rsa.ie.

Tá an méid seo a leanas i measc na míreanna a thástáiltear:

- Coscáin
- Astúcháin sceithphíopa
- Rotha agus boinn
- Soilse
- Stiúradh agus crochadh
- Fonnadh agus fo-chabhail
- Córais leictreacha
- Gloine agus scátháin
- Tras-seoladh
- Taobh istigh
- Córas breosla

## NA 5 MHÍR THEIPTHE IS COITIANTA IN 2014




*Foinse: NCTS, Nollaig 2014.*

# CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ

In 2014, lean Rannóg Caighdeáin Feithiclí RSA ar aghaidh lena clár oibre ar son na sábháilteachta feithicle:

## RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH MAIDIR LE MÓTARFHEITHICLÍ A CHINEÁLCHEADÚ (ECWVTA)

Ón 29 Deireadh Fómhair 2014 i leith, tá deimhniú cineálcheadaithe ag teastáil ó gach mótarfheithicil agus leantóir nua (seachas feithiclí talmhaíochta) sular féidir iad a dhíol nó a chlárú in Éirinn. In 2014, thug RSA faoi fheachtas feasachta ar na rudaí breise a cuireadh le cineálcheadú.

## BOINN PHÁIRTCHAITE




Rinne RSA moltaí don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhearta chun feasacht a rialú agus a fheabhsú maidir le caighdeán bonn páirtchaite. Mar bheart idirthréimhseach, athbhreithníodh agus atreisíodh bileog bonn RSA in 2014 chun réimsí atá bainteach le caighdeáin feithicle a chuimsiú lena n-áirítear ábhar ar bhoinn pháirtchaite. Lainseáladh an bhileog nua i gcomhpháirt le ITIA agus foilsíodh é tríd an ngréasán agus trí mheáin shóisialta.

## CEADANNA SPEISIALTA D'FHEITHICLÍ ÁIRITHE

In 2014, phróiseáil RSA iarratais ar 85 (suas ó 49 in 2013) cheadúnú speisialta feithicle, ag ligean d'fheithiclí nach gcloíonn go hiomlán le rialacháin feithiclí 'in úsáid' bheith in úsáid ar an mbóthar poiblí.

## MODHNUITHE FEITHICLÍ TAR ÉIS IAD A CHLÁRÚ

Athrú Aicmithe ó Charr Paisinéirí (M1) go Feithicil Tráchtála (N1)

D'aontaigh RSA le páirtithe leasmhara rialtais maidir le rolladh amach córas aicmithe níos cruinne a thacóidh le caighdeán níos airde aistrithe ó M1 go N1. Déanfar forchéimniú ar an gcóras seo in 2015.

## CEADÚNÚ ADR

Bronnadh 2,810 ceadúnas ADR in 2014, a léiríonn méadú 7.5% ar fhigiúr 2013. Tugadh isteach córas iarratais freisin a laghdaíonn tréimhsí feithimh custaiméirí faoi suas le 2 lá. Ag deireadh na bliana bhí 50% d'iarratais á ndéanamh ar líne.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## RIALACHÁIN ATHBHREITHNITHE LE HAGHAIDH FEITHICLÍ TALMHAÍOCHTA




D'ullmhaigh an Rannóg Caighdeáin Feithiclí ceithre Ionstraim Reachtúla sna réimsí seo a leanas; coscán, soilsiú, sofheictheacht, meáchain agus toisí, cúpláil, plátáil agus rátáil luais a shínigh an tAire sa dlí i Meitheamh 2014 agus beidh siad i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016.

Ullmhaíodh leabhrán arna eagrú ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) a mhíníonn feabhsuithe na gcaighdeán i ngnáth-théarmaí. Thosaigh scaipeadh an leabhráin in 2014 agus leanfaidh sin ar aghaidh in 2015.

## FEITHICLÍ SEANRÉ

I gcomhréir le Gníomh 59 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020, in 2014 d'athbhreithnigh RSA riachtanais tástála ródacmhainneachta d'fheithiclí seanré chun an cás sábháilteachta agus buntáistí costais a dheimhniú, má tá cuid ar bith ann, lena chur san áireamh i dtástáil ródacmhainneachta éigeantach.

Chuimsigh an t-athbhreithniú seo comhairliúchán poiblí agus cuireadh tuairisc ag cuimsiú mholtaí RSA ar bheartais amach anseo sa réimse chuig an Aire lena bhreithniú.

## LEATHLEANTÓIRÍ NÍOS FAIDE

D'athbhreithnigh RSA an staid reatha in Éirinn agus in áiteanna eile maidir le húsáid leathleantóirí níos faide (LSTanna) agus thug tuairisc don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le tuairisc a mholann monatóireacht a dhéanamh ar líon LSTanna a dtugtar ceadúnas speisialta dóibh faoi láthair.

## CÓRAS BRAITE COISITHE AGUS ROTHAITHE (PDD) D'FHEITHICLÍ TRÁCHTÁLA TROMA

Tosaíodh ar chleachtas scópála i ndeireadh 2014 ar chórais PCD a chuirfidh in iúl do thiománaí Feithicle Tráchtála Troime (HCV) go bhfuil úsáideoirí leochaileacha bóthair ann.



# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA


Tá an RSA tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. In 2014 bhí dhá chruinniú déag Boird (12) ann (2013, 11 chruinniú) agus bhí ceithre (4) chruinniú Boird ag an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí (2013, 3 chruinniú). D'aontaigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an RSA ar Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí, a chuimsíonn an tréimhse 2014. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha RSA Mazars an plean i bhfeidhm agus rinne siad tuairisciú air.

# AONAD SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA AGUS CAIGHDEÁIN BHAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL

**Is féidir sonraí feidhmíochta an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta do 2014 a achoimriú mar seo a leanas:**


- Baineadh amach 100% comhlíontachta maidir le measúnú riosca, cigireacht agus cuspóirí cláir iniúchóireachta inmheánaí a socraíodh do 2014
- Cuireadh i gcrích athbhreithniú Sláinte & Sábháilteachta ar nósanna imeachta oibre atá ríthábhachtach don tsábháilteacht do sheicphointí ar thaobh an bhóthair do thástáil gluaisrothar agus cuireadh rialuithe maidir le feabhsuithe i bhfeidhm
- Cuireadh i gcrích measúnú Sláinte & Sábháilteachta ar oiliúint nua ESDS do bhaill foirne i gcomhairle leis an nGarda Síochána a chabhraigh leis an Údarás i bhforbairt chlár oiliúna ESDS
- Rinneadh tástáil closmhéadrach do gach Tástálaí Tiománaithe agus Scrúdaitheoirí ADI atá i mbun dualgais gluaisrothar mar chuid de chlár leanúnach caomhnaithe éisteachta an Údaráis
- Rinneadh oiliúint measúnaithe riosca sábháilteachta dóiteáin do bhaill foirne ábhartha.

## TIMPISTÍ RSA AG AN OBAIR 2014




*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

- Timpistí ginearálta san ionad oibre laghdaithe in 2014
- Timpistí le linn tástálacha laghdaithe in 2014
- Ach bhí méadú i dtimpistí a bhí intuairiscithe chuig HSA, ach léiríonn an chairt thíos go raibh líon laethanta i bhfad níos lú caillte mar gheall ar thimpistí san ionad oibre in 2014





*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*


## TUAIRISC NA FOIRNE COMHSHAOIL/GLAISE 2014

- D'fhorchéimnigh foireann ghlas RSA tionscnaimh bhainistíochta comhshaoil go 5 ionad tástála tiomána eile in 2014: Corcaigh, Luimneach 2, Port Láirge, leitir ceanainn & Trá Lí. Cuireadh póstaeir ar leideanna coigilte fuinnimh, comharthaíocht ar chórais soilse tráchta don tintreach agus boscaí athchúrsála chuig na hionaid seo.
- Ghlac an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre páirt i gclár stiallta agus athchúrsála agus sábháladh níos mó ná 1,020 crann óna scrios in 2014.
- D'athchúrsáil an tÚdarás 305 kg de threalamh TF, cartúis scairdphrintéara Léasair agus Dúiche in 2014.
- Ba é an fuíoll rúnda go léir a bailíodh ná 4,847kg.
- Ba é méid na gceallraí alcailí go léir a bailíodh ná 10kg.
- Léiríonn an tábla thíos sonraí an tsrutha bainistíochta fuíll d'oifig Cheanncheathrú an Údaráis i mBéal an Átha agus san fho-oifig i mBaile Locha Riach do 2013 agus 2014.

## ATHCHÚRSÁIL 2013




## ATHCHÚRSÁIL 2014




*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

# BAINISTIÚ EASTÁIT

**Áitreabh Oifige**

Feidhmíonn RSA ag 50 ionad ar fud na tíre. Úsáideann an RSA seirbhísí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) mar sholáthraí cóiríochta. Tá OPW páirteach i gcuíchóiriú leanúnach a eastáit agus tá RSA ag comhoibriú leo chun cóiríocht oifige atá oiriúnach chun feidhme a fháil ar an gcostas is lú agus féidir.  I rith 2014, lean RSA ar aghaidh bheith i dteagmháil le OPW chun eastát na Tástála Tiomána a fheabhsú. Chomh maith le hEastát na Tástála Tiomána, tá RSA ag leanúint ar aghaidh ag lorg áitribh dá fhoireann atá lonnaithe i mBaile Locha Riach mar gheall ar níos mó feidhmeanna agus ball foirne le blianta beaga anuas.

I mí Iúil 2014 chuir RSA cóiríocht oifige nua ar fáil do bhainisteoir ESDS i bPort Laoise.

Arís le linn 2014 cuireadh spás breise agus rinneadh athmhaisiú ag an Ionad Tástála Tiomána sa Mhuileann gCearr.

Cuireadh dromchla úr ar an gcarrchlós ar fad in Ionad Tástála Tiomána Fhionnghlais in 2014.

**Saoráil Faisnéise**

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 i bhfeidhm ar an 14 Deireadh Fómhair, 2014. Bhí 6 mhí ag RSA ón dáta achtaithe sula mbeadh forálacha an Achta i bhfeidhm. In uireasa reachtaíocht fhoirmiúil shocraigh RSA, ó cruthaíodh é, a ghnó a reáchtáil ar bhealach chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir.

Le linn 2014, láimhseáil an RSA 6 iarratas um Shaoráil Faisnéise.

**Cosaint Sonraí:**

Le linn 2014, fuair RSA agus phléigh sé le 8 n-iarratas rochtana faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

**An tOmbudsman:**

Le linn 2014, fuair RSA agus phléigh sé le 15 ghearán a cuireadh ar aghaidh go dtí an tOmbudsman.

**Úsáid Fuinnimh:**

Úsáideann RSA fós Creat-Chomhaontú do Sholáthar Leictreachais don rialtas láir do gach ceann dá 50 láthair ar fud na tíre.

# IONAD CÚRAIM DO CHUSTAIMÉIRÍ



**GLAONNA FAIGHTE**
**372,470**

**GLAONNA AR FREASTALAÍODH ORTHU**
**298,849**

**00:01:43**
**TRÉIMHSE FEITHIMH MEÁNGHLAO**

**75%**
**GLAONNA A FREAGRAÍODH LAISTIGH DE 60 SOICIND**

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2014

**In 2014 d'úsáid RSA 9011.13 MWh d'fhuinneamh, lena n-áirítear:**

- 854,046 MWh leictreachais
- 717.013 MWh breosla iontaise
- 15.978 MWh in-athnuaite.

*Foinse: RSA, Nollaig 2014.*

### Gníomhartha ar tugadh fúthu in 2014

In 2014, bhí iarracht ar bun ag an RSA lena fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trína leanas:

- Oideachas agus cur chun cinn Feasachta Fuinnimh do bhaill foirne atá lonnaithe in oifig
- Foireann Ghlas a choinneáil
- Ag cuimsiú ailt feasachta comhshaoil lena gcur san áireamh san iris inmheánach agus i bhfoilseacháin
- Sprioc a shocrú úsáid fhoriomlán fuinnimh a laghdú faoi 1% in aghaidh na bliana ar a laghad – Dar le ríomh de chuid SEAI bhí an fheidhmíocht fuinnimh 5.6% níos fearr ná 2013
- A chinntiú go ndéantar machnamh ar roghanna coigilte fuinnimh/fuinnimh íseal a cheannach le haghaidh gach trealamh agus feisteas
- A chinntiú go gcastar gach trealamh neamhriachtanach as ag deireadh gach lá oibre, ag an deireadh seachtaine agus le linn tréimhsí fada a mbíonn oifigí dúnta

Ní féidir na coigiltí a baineadh amach leis na bearta seo a chainníochtú, ach tá an tairbhe i bhfeasacht fuinnimh agus comhshaoil mhéadaithe.

### Gníomhartha a Bheartaítear do 2015

In 2015 tá sé beartaithe ag RSA ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- Tiomantas leanúnach d'fheachtas coigilte fuinnimh
- Réimeas forásach éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus oibríochtaí RSA a 'ghlasú'
- Níos mó fuinnimh & cur chun cinn Feasachta Fuinnimh do gach ball foirne mar chuid de dheimhniú ISO 14001
- Tionscnaimh atá ar siúl cheana i bhfoirgnimh na ceann ceathrún a rolladh amach chuig ionaid tástála tiomána níos mó

### Creidiúnú ISO:

Tar éis iniúchadh athdheimhnithe 3 lá arna dhéanamh ag NSAI i Samhain 2014, d'éirigh le RSA deimhniú a choinneáil ag na trí chaighdeán seo a leanas:

- SO 9001:2008 (Córas Bainistíochta Cáilíochta)
- ISO 14001:2004 (Córas Bainistíochta Comhshaoil)
- OHSAS 18001:2007 (Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair) maidir le seirbhísí a chuireann RSA ar fáil agus feidhmeanna a thugtar dó.

Níor ardaíodh aon neamhchomhlíonadh nó breithniú in éadan RSA le linn an iniúchta.

# AGUISÍN A

## RÁITIS AIRGEADAIS RSA

### DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014


Faisnéis Ghinearálta **68**

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste **69**

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis **70**

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais **71-72**

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta **73-74**

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais **75**

Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta **76**

Clár Comhardaithe **77**

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid **78**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais **79-94**

## AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Coiste Feidhmiúcháin Sinsearaigh** | An tUasal Moyagh Murdock – Príomhfheidhmeannach<br>An tUasal Pearse White – Stiúrthóir Airgeadais & Tráchtála Seirbhísí<br>An tUasal Denise Barry – Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú<br>An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir um Thástáil Tiomána<br>An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| **Cathaoirleach** | An tUasal Liz O'Donnell (arna ceapadh 29/10/2014)<br>An tUasal Gay Byrne (a d'éirigh as 14/09/2014) |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Eddie Rock<br>An tUasal Ronan Melvin<br>An tUasal Aine Carroll<br>An tUasal Sean Finan<br>An tUasal Aideen Carberry<br>An tUasal John Mulvihill<br>An tUasal John Lumsden (Ceaptha an 31/10/2014)<br>An tUasal Aileen O'Toole (Ceaptha an 31/10/2014)<br>An tUasal Aine Cornally (Téarma in Éag an 14/09/2014)<br>An tUasal Myra Garrett (Téarma in Éag an 14/09/2014)<br>An tUasal Aaron McHale (Téarma in Éag an 14/09/2014) |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CHUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

**Comptroller and Auditor General**

**Report for presentation to the Houses of the Oireachtas**

## Road Safety Authority

I have audited the financial statements of the Road Safety Authority for the year ended 31 December 2014 under the Road Safety Authority Act 2006. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the statement of accounting policies, the income and expenditure account, the statement of total recognised gains and losses, the balance sheet, the cash flow statement and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 29 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland.

### Responsibilities of the Chief Executive Officer and of the Board of the Authority

The Chief Executive Officer is responsible for the preparation of the financial statements. The Board of the Authority is responsible for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Authority's affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

### Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify if there are any material inconsistencies with the audited financial statements. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

### Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Authority's affairs at 31 December 2014 and of its income and expenditure for 2014.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Authority. The financial statements are in agreement with the books of account.

### Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

***Non-compliance with procurement rules***

I draw attention to the statement on internal financial control which discloses that, during 2014, the Authority incurred expenditure on goods and services where the procurement procedures employed did not comply with relevant national and EU guidelines. From a sample of payments examined on audit, 10% by number and 34% by value were not procured in accordance with relevant procurement guidelines. The statement also discloses the steps being taken by the Authority to address this issue.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
29 May 2015

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear le hAlt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin cuntais a chur le chéile agus, tar éis don Bhord iad a fhaomhadh, na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas:

- beartais chuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás orthu i mbun feidhme;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnta, a staid airgeadais ag tráth ar bith agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcloíonn na cuntais le Ceanglais Reachtúla. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach chomh maith as cosaint shócmhainní an Údaráis agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Ghlac an tÚdarás roinnt céimeanna chun a chinntiú gur ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- údarás, cuntasacht agus freagrachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna foirmiúla imeachta a chruthú le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar chosaint sócmhainní;
- nós freagrachta in uile leibhéal na heagraíochta a fhorbairt.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach thuairiscithe bainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas mar aon le córas toscaireachta agus freagrachta, lena n-áirítear:

- córas tuairiscithe airgeadais a mbaintear leas coitianta as ar fud na hearnála poiblí;
- creatlach fhoirmiúil bhliantúil bhuiséadaithe agus pleanála gnó;
- athbhreithniú an Bhoird ar chuntais bhainistíochta an Údaráis ar bhonn ráithiúil.

I ndáil le 2014 chomhaontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Comhaontú Seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí ag an Údarás. Níor tharraing an tÚdarás cuid ar bith dá leithdháileadh ón státchiste agus d'fheidhmigh sé ar bhonn féinmhaoinithe in 2014.

Obair an iniúchóra inmheánaigh is ea an bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais de chuid an Údaráis. An Coiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Sa bhliain 2014, rinneadh na hIniúchtaí Inmheánacha seo a leanas agus tuairiscíodh iad do Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis:

- Iniúchóireacht Inmheánach ar Chláir Chaiteachais Chaipitiúil san Údarás;
- Athbhreithniú Inmheánach ar Struchtúr Eagraíochtúil an Údaráis agus Cur ar Fáil Acmhainní Daonna;
- Iniúchóireacht Inmheánach ar an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, ag cuimsiú nuashonrú ar phointí bainistíochta a ardaíodh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina n-iniúchadh in 2013.

Le linn 2013, sannadh freagracht as ceadúnú tiománaithe agus tástáil feithiclí don Údarás. Mar thoradh air sin, tá an tÚdarás ag cur i gcrích roinnt Tionscadal TF ar mhórscála. D'aithin athbhreithnithe a chuir Iniúchadh Inmheánach i gcrích agus an tÚdarás féin le linn 2014 feabhsuithe riachtanacha ina nósanna imeachta bainistithe tionscadal.  Tá an tÚdarás

tiomanta do mholtaí na dtuairiscí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go seachadtar tionscadail chuig na caighdeáin cáilíochta éilithe ar chostas íosta.

D'aithin iniúchadh ar ráitis airgeadais 2013 agus 2014 soláthar earraí agus seirbhísí nach raibh na nósanna imeachta a úsáideadh ag cloí le rialacha soláthair. D'aithin iniúchadh 2014 íocaíochtaí arbh ionann agus €1.4 milliún iad do cheithre sholáthraí nár cloíodh le treoirlínte soláthair ina leith. B'ionann seo agus 10% den líon míreanna a scrúdaíodh agus 34% de luach an tsampla. Tá sé beartaithe ag an Údarás bainisteoir Bainistíochta Soláthair agus Conarthaí a cheapadh chun bainistíocht gach soláthair agus conarthaí a rialú go lárnach san Údarás chun a chinntiú go gcloítear go daingean le treoirlínte soláthair phoiblí agus chun a chinntiú go bhfuil cur chuige caighdeánach i leith soláthair ar fud an Údaráis.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2014.

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas iad na beartais thábhachtacha cuntasaíochta arna nglacadh sna ráitis airgeadais seo:

### Bonn na Cuntasaíochta

Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le caighdeáin um thuairisciú airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeáin infheidhmithe. Cuirfidh an tÚdarás na ráitis airgeadais in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

### Deontas an Stáit

Léiríonn an Deontas Stáit sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an tsuim arna fáil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain i gceist.

### Ioncam Eile

Léiríonn Ioncam Eile ioncam arna ghnóthú ag an Údarás. Aithnítear ioncam ó tháillí ar chártaí tacagraif dhigitigh agus ó cheadúnais tiomána agus ó thástálacha teagascóirí tiomána formheasta ar bhonn fáltas airgid. Is faoin modh fabhraithe cuntasaíochta a aithnítear an uile ioncam eile, lena n-áirítear táillí ar thástálacha tiomána, an tobhach tástála náisiúnta carranna agus an tobhach tástála feithiclí tráchtála.

### Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais ar bhonn dronlíne, ar na rátaí mar atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh. Coigeartaítear iad le haghaidh luach iarmharach ar feadh a saolré eacnamaíoch úsáideach mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Feabhsúcháin Léasachta | 20 bliain |
| Daingneáin agus Feistis | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Saintrealamh agus Trealamh Teileachumarsáide | 3 bliana |
| Crua-earraí | 3 bliana |
| Bogearraí Feidhmchláir | 3 bliana |

### Chuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a caitheadh ar fheidhmeanna caiteachais chaipitil.

## Airgeadra Iasachtach

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro i rith na tréimhse de réir an ráta a bhí i gceist lá an idirbhirt agus áirítear iad seo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro de réir an ráta a bhí i gceist tráth dháta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as seo a áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist.

## Pinsin na mBall Foirne

Amhail ar an 31 Nollaig 2014 tá 147 mball foirne san Údarás páirteach i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin do na baill foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an Údaráis. Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin de chuid an 147 ball foirne sin a tharchur chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar an Údarás ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an tÚdarás Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, 'an Scéim' ina dhiaidh seo. I mí Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach inti trí chomórtas seachtrach agus trí bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006. Amhail an 31 Nollaig 2014, bhí 169 ball foirne de chuid an Údaráis ina mbaill ghníomhacha den Scéim. Tá freisin 7 mball iarchurtha agus 15 phinsinéir den scéim. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go n-asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go dtarchuireann sé na ranníocaíochtaí sin chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun díospóireachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfadh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, a fhad is a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha Státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

Chomh maith leis na socruithe pinsin thuas, tá fostaithe an Údaráis, a chláraigh san eagraíocht tar éis an 1 Eanáir 2013, ina mbaill de Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí. Bhí beirt chomhaltaí den scéim seo ann amhail an 31 Nollaig 2014.


## Cuntasaíocht Pinsin do Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

De bhun na socruithe íocaíochta thuasluaite agus de réir chleachtas cuntasaíochta agus caighdeáin chuntasaíochta an Rialtais, aithníodh an Scéim i ráitis airgeadais an Údaráis. Rinne achtúire neamhspleách luacháil ar dhliteanais na Scéime amhail an 31 Nollaig 2014, agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid aige.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a tharchuirtear chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe ón Státchiste agus seach-churtha ag na suimeanna atá ag teastáil d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na Scéime seo sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Státchiste.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a ghnóthaigh baill den Scéim seo go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhse amach anseo ón Státchiste.



## AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nótaí | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|---|
| Deontas Stáit | 2 | - | 6,500,000 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (215,650) | (2,165,903) |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 14(c) | 3,179,000 | 2,779,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a tarchuireadh chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 14(a) | (278,000) | (277,000) |
| Ioncam Eile | 3 | 68,613,817 | 49,551,642 |
| | | 71,299,167 | 56,387,739 |
| Costais Bhall Foirne | 4(a) | (17,879,232) | (18,424,380) |
| Comhairle Theicniúil | (6) | (390,251) | (365,730) |
| Costais Riaracháin | 7 | (6,320,923) | (4,370,488) |
| Costais Chlár | 8 | (40,820,035) | (27,413,905) |
| Costais Phinsin | 14(a) | (3,127,000) | (2,728,000) |
| Dímheas | 9 | (3,244,312) | (2,101,062) |
| | | (71,781,753) | (55,403,565) |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | **(482,586)** | **984,174** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | **19,515,567** | **18,531,393** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **19,032,981** | **19,515,567** |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nótaí | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | (482,586) | 984,174 |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha** | | | |
| (Caillteanais)/gnóthachain taithí ar dhliteanais scéime | | 324,000 | (4,152,000) |
| Athruithe i dtoimhdí achtúireacha | | (18,239,000) | 970,000 |
| (Caillteanas) achtúireach ar Dhliteanais Phinsin | 14(b) | (17,915,000) | (3,182,000) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin | | 17,915,000 | 3,182,000 |
| (Easnamh)/Barrachas Iomlán Aitheanta don bhliain | | **(482,586)** | **984,174** |
| (Easnamh)/barrachas iomlán aitheanta ó bhí an tuarascáil bhliantúil dheireanach ann | | **(482,586)** | **984,174** |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nótaí | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 9 | 6,765,493 | 6,549,843 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 28,243,047 | 31,598,336 |
| Féichiúnaithe agus ioncam fabhraithe | 10 | 1,547,183 | 1,251,426 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 195,113 | 260,824 |
| | | 29,985,343 | 33,110,586 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 12 | (10,952,362) | (13,595,019) |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | | 19,032,981 | 19,515,567 |
| **Sócmhainní Iomlána roimh Phinsin** | | 25,798,474 | 26,065,410 |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsin | 14(c) | 57,551,000 | 36,457,000 |
| Dliteanais Phinsin | 14(b) | (57,551,000) | (36,457,000) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **25,798,474** | **26,065,410** |
| **Léirithe sa** | | | |
| **Chuntas Caipitil** | 13 | 6,765,493 | 6,549,843 |
| **Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais** | 20 | 19,032,981 | 19,515,567 |
| | | **25,798,474** | **26,065,410** |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.


# RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nótaí | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach (Easnamh)/Barrachais Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | (482,586) | 984,174 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | | 215,650 | 2,165,903 |
| Dímheas | | 3,244,312 | 2,101,062 |
| Ús faighte | | (167,305) | (269,416) |
| (Méadú) ar Fhéichiúnaithe | | (230,046) | (974,698) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe | | (2,642,657) | 6,019,779 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | (62,632) | 10,026,804 |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | (62,632) | 10,026,804 |
| **Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas** | | | |
| Ús faighte | | (167,305) | (269,416) |
| Insreabhadh airgid glan ó thorthaí ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas | | 167,305 | 269,416 |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíocht chun sócmhainní seasta a fháil | | (3,459,962) | (4,266,965) |
| Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | (3,459,962) | (4,266,965) |
| **Méadú/(Laghdú) ar Airgead** | | (3,355,289) | 6,029,255 |
| **Réiteach glansreabhadh airgid go gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig | | 28,243,047 | 31,598,336 |
| Lúide: Glanchistí amhail an 1 Eanáir | | (31,598,336) | (25,569,081) |
| **Gluaiseacht i nglanchistí don bhliain** | | (3,355,289) | 6,029,255 |

Anailís ar athrú i nglanchistí (fiacha)/cistí

| | Airgead sa bhanc agus ar láimh<br>€ | Rótharraingt Bainc<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|
| Tús na Bliana | 31,598,336 | - | 31,598,336 |
| Sreafaí Airgid | (3,355,289) | | (3,355,289) |
| Deireadh na Bliana | 28,243,047 | - | 28,243,047 |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



## 1. Bunú an Údaráis

**Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre** faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ar an 1 Meán Fómhair 2006. Is comhlacht corparáideach é an tÚdarás le comharbas suthain agus le séala, an chumhacht agairt agus bheith agartha ina ainm corparáideach, agus talamh nó leas i dtalamh a fháil, a choinneáil nó a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a choinneáil agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann Ioncam nach ón Státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal agus cuid de ó Dheontas Státchiste ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Aistríodh na príomhfheidhmeanna a bhfuil an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach astu ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ón Údarás Náisiúnta Bóithre agus ón gComhairle Náisiúnta Sábháilteachta agus leagtar amach iad san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006.

**Feidhmeanna Nua a sannadh le linn 2013**

Le linn 2013, sannadh freagracht as ceadúnais tiománaithe a eisiúint agus tástáil feithiclí tráchtála ó údaráis áitiúla go dtí an tÚdarás.

**Ceadúnú Tiománaithe** - Tugadh freagracht reachtúil don Údarás as ceadúnais tiomána a eisiúint in 2013 faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2013, le héifeacht ón 12 Eanáir 2013. Lean oifigí um cháin bhóthair na n-údarás áitiúil ag próiseáil ceadúnais tiománaithe chomh fada leis an 28 Deireadh Fómhair 2013. Ar an 29 Deireadh Fómhair 2013 ghlac an tÚdarás le próiseáil agus riaradh na gceadúnas trí shocruithe seachfhoinsithe ar conradh le trí chomhlacht ón earnáil phríobháideach. In 2013, cuimsíonn ioncam ó Cheadúnas Tiomána;

- cuid chomhaontaithe d'ioncam táillí ceadúnais a aisghabháil ó Údaráis Áitiúla don tréimhse 12 Eanáir go dtí an 28 Deireadh Fómhair agus
- táillí ceadúnais iomlána a fuair an tÚdarás ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig.

Bhí an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána ag an Údarás in 2014.

**Tástáil Feithiclí Tráchtála** - Tugadh freagracht reachtúil don Údarás as tástáil feithiclí tráchtála le héifeacht ón 27 Márta 2013 ach lean na hÚdaráis Áitiúla ag feidhmiú na seirbhíse go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013. Tá an tástáil feithiclí déanta ag ionaid tástála phríobháideacha fhormheasta ar fud an Stáit. Gearrann na hionaid tástála rátaí táille comhaontaithe lena n-áirítear tobhach atá iníoctha ag na hionaid tástála phríobháideacha leis an Údarás. In 2013 fuair an tÚdarás ioncam tobhaigh ó Thástáil Feithiclí Tráchtála ar son na tréimhse an 7 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig amháin. Bhí an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na Seirbhíse Tástála Feithiclí Tráchtála ag an Údarás in 2014.

Níor sannadh aon fheidhmeanna nua don Údarás in 2014.

## 2. Deontas Stáit

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú a cuireadh ar fáil ó Vóta 32: | | |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | | |
| Spórt – Fo-cheannlíne B.4 | - | 6,500,000 |
| | **–** | **6,223,000** |

Níor tharraing an tÚdarás cuid ar bith dá Leithdháileadh ón Státchiste in 2014 agus d'fheidhmigh sé ar bhonn féinmhaoinithe ar ioncam óna sheirbhísí poiblí mar a dtugtar breac-chuntas air i Nóta 3.

## 3. Ioncam Eile

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Táillí ó Thástáil Tiománaithe | 13,014,403 | 12,741,487 |
| Tobhach Náisiúnta Tástála Carranna | 21,305,486 | 18,688,831 |
| Ioncam ó Cheadúnas Tiomána | 19,797,251 | 13,450,830 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 12,766,755 | 2,571,432 |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | 726,675 | 790,684 |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | 224,281 | 398,853 |
| Ioncam ó Urraíocht | 95,012 | 217,335 |
| Ús Bainc | 167,305 | 269,416 |
| Ioncam Iompar Earraí Contúirteacha | 252,655 | 238,126 |
| Ilghnéitheach | 263,994 | 184,648 |
| **Iomlán** | **68,613,817** | **49,551,642** |

- Sannadh freagracht reachtúil as ceadúnais tiomána don Údarás le héifeacht ón 12 Eanáir 2013. Bhí an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána ag an Údarás in 2014. In 2013, cuimsíonn ioncam ó Cheadúnas Tiomána
  - cuid chomhaontaithe d'ioncam táillí ceadúnais a aisghabháil ó Údaráis Áitiúla don tréimhse 12 Eanáir go dtí an 28 Deireadh Fómhair, agus
  - táillí ceadúnais comhlána a fuair an tÚdarás ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig.
- Sannadh freagracht reachtúil as tástáil feithiclí tráchtála don Údarás le héifeacht ón 27 Márta 2013. In 2013 fuair an tÚdarás ioncam tobhaigh ó Thástáil Feithiclí Tráchtála ar son na tréimhse an 7 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig amháin. Bhí an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na Seirbhíse Tástála Feithiclí Tráchtála ag an Údarás in 2014.

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás a thuilleann Ioncam nach ón Státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Leagtar amach na príomhfhoinsí ioncaim thíos.

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Thástáil Tiománaithe agus ó Cheadúnais Tiomána | Tá freagracht ar an Údarás as tástáil tiománaithe agus eisiúint agus athnuachan ceadúnas. Díorthaítear an t-ioncam seo ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh nó ó cheadúnas tiomána a fháil/athnuachan. Suas go dtí 2013, bhí freagracht ar údaráis áitiúla as eisiúint/athnuachan ceadúnas. |
| Tobhach Tástála Náisiúnta Carranna agus Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh freisin bunaithe ar an líon carranna agus feithiclí tráchtála a thástáiltear. Bailíonn an soláthraí seirbhíse ar conradh an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus tarchuirtear í go míosúil i riaráistí chuig an Údarás.<br><br>Leanann an tobhach a fuarthas maidir leis an Tástáil Náisiúnta Carranna ar aghaidh ag méadú ó bhliain go bliain mar gheall ar an bhflít náisiúnta carranna a bheith ag dul in aois. Dá thoradh sin, tá Tástáil Náisiúnta Carranna ag teastáil ó líon mór carranna. In 2014, is é láimhdeachas an chonraitheora seachfhoinsithe a fheidhmíonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna timpeall €70.4m, a bhfuair an tÚdarás €21.3m de in ioncam tobhaigh mar a dtugtar achoimre air sa nóta seo.<br><br>Suas go dtí 2013 bhí freagracht ar údaráis áitiúla as Tástáil Feithiclí Tráchtála. |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | Tá freagracht ar an Údarás as forfheidhmiú reachtaíochta maidir le huaireanta tiománaithe. Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh nuair a eisíonn siad cárta leictreonach tacagraif digiteach do tharlóirí ar son uaireanta tiománaithe a chothabháil. |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | Tá freagracht ar an Údarás as rialú an tionscail Teagaisc Tiomána. Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann siad Teagascóir Tiomána. |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | Tá freagracht ar an Údarás as rialú iompar earraí contúirteacha. Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn siad tarlóir Iompar Earraí Contúirteacha. |

## 4(a). Costais Foirne

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail & Pá | 15,748,394 | 16,208,515 |
| Oiliúint & Forbairt Foirne | 144,771 | 151,077 |
| Taisteal & Cothabháil | 1,938,795 | 1,889,597 |
| Costais Eile Foirne | 47,272 | 175,191 |
| **Iomlán** | **17,879,232** | **18,424,380** |

Baineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin arb ionann agus €860,754 iad as tuarastail agus pá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le 2014 (2013 - € 920,419).

I measc Chostais Bhaill Foirne eile tá muirear €4,702 maidir le méideanna a d'íoc an tÚdarás le Cumainn Spóirt agus Sóisialta na Foirne.


Is é an meánlíon ball foirne fostaithe ag an Údarás sa bhliain 316 (326 in 2013). Thug an Roinn Talmhaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, CIÉ agus Comhairle Contae Mhaigh Eo 7 mball foirne eile ar iasacht don Údarás.

Ní áiríonn na costais seo thuas costais a bhaineann le baill foirne ó ghníomhaireachtaí, €1.4 milliún, ar tugadh cúram dóibh as roinnt clár faoi na ceannteidil caiteachais Comhairle Theicniúil agus Costais Clár.

## 4(b). Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 111,493 | 136,596 |
| Aoisliúntas | 7,434 | 11,725 |
| ÁSPC Fostóirí | 10,961 | 13,478 |
| **Iomlán** | **129,888** | **161,799** |

In 2013, d'éirigh an Príomhoifigeach Feidhmiúchán as ar an 4 Deireadh Fómhair agus baineann an tuarastal thuas leis an tréimhse Eanáir go Meán Fómhair amháin. Ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua ar an 17 Feabhra 2014. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin thar na teidlíochtaí caighdeánacha do scéim aoisliúntais sochar sainithe mhúnla na hearnála poiblí. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina ball de Scéim nua Aoisliúntais Aonair na Seirbhíse Poiblí. Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht in 2014.



### 4(c). Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh

| | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach | | |
| Táillí Conartha | 22,420 | 40,379 |
| **Iomlán** | **22,420** | **40,379** |

Tar éis don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin éirí as oifig an 4 Deireadh Fómhair 2013, fuair an tÚdarás cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh ar feadh tréimhse eatramhach go dtí go líonfaí post an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Tar éis próiseas roghnúcháin a bhí faoi stiúir na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, ceapadh conraitheoir seachtrach chun an phoist agus bhí sé i seilbh an phoist sin go dtí an 14 Feabhra 2014. Ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha le héifeacht ón 17 Feabhra 2014. Coinníodh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach ar bhonn glaoch ar/glaoch as i gcáil chomhairleach tar éis an 14 Feabhra 2014 agus íocadh €34,668 leis as na seirbhísí seo.

### 5(a). Luach Saothair an Stiúrthóra

| | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| **Ballraíocht Reatha** | | |
| **Cathaoirleach** | | |
| An tUasal Liz O'Donnell* | 2,082 | - |
| Comhaltaí Boird | | |
| An tUasal Eddie Rock | 6,765 | 8,100 |
| An tUasal Ronan Melvin | 6,765 | 8,100 |
| An tUasal Sean Finan | 6,765 | 8,100 |
| An tUasal Aine Carroll | – | – |
| An tUasal Aideen Carberry | 7,570 | 2,509 |
| An tUasal John Mulvihill | 7,608 | 1,739 |
| An tUasal John Lumsden* | 1,297 | - |
| An tUasal Aileen O'Toole* | 1,296 | - |
| **Éirí as & Éag Téarma Boird** | | |
| An tUasal Gay Byrne | 5,937 | 12,600 |
| An tUasal Áine Cornally | 3,817 | 8,100 |
| An tUasal Myra Garrett | – | 8,100 |
| An tUasal Aaron McHale | 3,817 | 8,100 |
| **Iomlán** | **53,718** | **65,448** |

D'éirigh an tUasal Gay Byrne as mar Chathaoirleach an Bhoird ar an 14 Meán Fómhair 2014. Tá triúr comhaltaí a ndeachaigh téarma a gceapacháin in éag ar an 14 Meán Fómhair 2014 ar tugadh breac-chuntas air sa nóta thuas.

I mí na Nollag 2013, cuireadh in iúl don choiste feidhmiúcháin gur de bharr dearmad maoirseachta nár thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt fógra don Údarás faoi na laghduithe seo a leanas a mbeadh feidhm acu ón 1 Eanáir 2010 maidir le táillí Comhaltaí Boird faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009:

- Cathaoirleach – Laghdaithe ó €12,600 go €11,970 in aghaidh na bliana;
- Comhalta Boird – Laghdaithe ó €8,100 go €7,695 in aghaidh na bliana do ghníomhaireacht stáit Chatagóir 3

Tugadh fógra i scríbhinn do Chomhaltaí Boird faoin dearmad sin agus chomhaontaigh na comhaltaí lena mbaineann ag an gcruinniú Boird i mí Eanáir 2014 an ró-íocaíocht a aisíoc trí asbhaint a dhéanamh as táillí na gcomhaltaí do Ráithe I agus do Ráithe II de 2014. Tugadh fógra i scríbhinn do Chomhaltaí Boird an Údaráis roimhe sin faoin dearmad sin freisin.

*Ceapadh an tUasal Liz O'Donnell ina Cathaoirleach ar an mbord ar an 29 Deireadh Fómhair 2014 agus ceapadh beirt chomhaltaí nua, an tUasal John Lumsden agus an tUasal Aileen O'Toole ar an 31 Deireadh Fómhair 2014. Tá réiltín le hainm an Chathaoirligh nua agus beirt chomhaltaí nua le réiltín sa nóta thuas.

D'íoc an tÚdarás na costais taistil agus chothaithe seo a leanas le Comhaltaí Boird;

**5(b). Speansais an Stiúrthóra**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal | 3,489 | 1,557 |
| Cothabháil | 912 | 333 |
| **Iomlán** | **4,401** | **1,890** |

## 5(c). Taifead Freastail Stiúrthóra

Reáchtáladh dhá chruinniú déag Boird (12) sa bhliain 2014 (11 chruinniú Boird, 2013). De réir Alt 3.8 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2009, leagtar amach sa tábla seo a leanas taifead freastail gach Comhalta Boird in 2014.

**Taifead Freastail Stiúrthóirí**

| Ballraíocht Reatha | 2014 Iarbhír Freastal | 2014 Féideartha Freastal | 2013 Iarbhír Freastal | 2013 Féideartha Freastal |
|---|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | | | | |
| An tUasal Liz O'Donnell* | 1 | (1) | N/B | N/B |
| **Comhaltaí Boird** | | | | |
| An tUasal Eddie Rock | 11 | (12) | 11 | (11) |
| An tUasal Ronan Melvin | 12 | (12) | 11 | (11) |
| An tUasal Sean Finan | 11 | (12) | 11 | (11) |
| An tUasal Áine Carroll | 9 | (12) | 8 | (11) |
| An tUasal Aideen Carberry | 6 | (12) | 2 | (3) |
| An tUasal John Mulvihill | 10 | (12) | 2 | (2) |
| An tUasal John Lumsden* | 2 | (2) | N/B | N/B |
| An tUasal Aileen O'Toole* | 2 | (2) | N/B | N/B |
| **Éirí as & Éag Téarma Boird** | | | | |
| An tUasal Gay Byrne | 9 | (9) | 11 | (11) |
| An tUasal Aine Conally | 7 | (9) | 10 | (11) |
| An tUasal Myra Garrett | 9 | (9) | 9 | (11) |
| An tUasal Aaron McHale | 8 | (9) | 11 | (11) |

In 2014 d'éirigh an tUasal Gay Byrne as mar Chathaoirleach an Údaráis ar an 14 Meán Fómhair 2014. D'éag téarma triúr comhaltaí eile ar an mbord ar an 14 Meán Fómhair 2014.


Ceapadh na Comhaltaí Boird seo, a bhfuil réiltín lena n-ainm, ina gcomhaltaí nua ar an mBord in 2014. Ceapadh an tUasal Liz O'Donnell ina Cathaoirleach ar an 29 Deireadh Fómhair 2014 agus bhí a ceapachán faofa ag an gComhchoiste Oireachtais ar Iompar agus Cumarsáid ar an 11 Samhain 2014 (cruinnithe féideartha go deireadh bliana – 1). Chuaigh an tUasal John Lumsden agus an tUasal Aileen O'Toole ar an mBord ar an 31 Deireadh Fómhair 2014 (cruinnithe féideartha go deireadh bliana - 2).

## 6. Comhairle Theicniúil

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 218,237 | 197,800 |
| Costais Conarthaí TFC | 172,014 | 167,930 |
| **Iomlán** | **390,251** | **365,730** |

## 7. Costais Riaracháin

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clódóireacht & Páipéarachas | 663,030 | 459,554 |
| Postas | 274,637 | 290,836 |
| Costais Bhainistíochta Áise | 453,299 | 494,934 |
| Fuinneamh | 212,150 | 186,373 |
| Costais Teileafóin & Malartú Sonraí | 524,045 | 361,361 |
| Cothabháil Bogearraí | 2,919,535 | 1,535,700 |
| Cothabháil Crua-earraí | 456,353 | 417,366 |
| Táillí Iniúchóireachta | 16,900 | 16,950 |
| Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | 61,390 | 14,276 |
| Riaradh Párolla | 40,652 | 41,303 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 11,830 | 9,460 |
| Árachas | 45,270 | 49,755 |
| Cothabháil Suímh Gréasáin | 21,038 | 6,244 |
| Muirir Idirbhirt Airgeadais | 255,246 | 116,589 |
| Costais Cíosa Áise | 237,113 | 243,647 |
| Costais Bainistíochta Flít | 147,935 | 126,120 |
| Gnóthú ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | (19,500) | - |
| **Iomlán** | **6,320,923** | **4,370,488** |



## 8. Costais Clár

| | | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|---|
| (a) | Tástáil Teoirice Tiomána | 167,948 | 9,284 |
| (b) | Forfheidhmiú & Cumarsáid Tarlú Bóthair | 23,339 | 134,370 |
| (c) | Tástáil Feithicle | 1,083,673 | 960,225 |
| (d) | Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre | 4,393,656 | 4,734,367 |
| (e) | Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 1,491,264 | 1,001,930 |
| (f) | Feachtais Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 2,130,199 | 2,760,130 |
| (g) | Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 503,363 | 384,479 |
| (h) | Oideachas Tiománaithe | 1,675,116 | 1,262,545 |
| (i) | Táillí Dlí | 644,625 | 438,347 |
| (j) | Tástáil Feithiclí Tráchtála | 4,463,664 | 3,000,691 |
| (k) | Tástáil Tiománaithe | 419,352 | 369,015 |
| (l) | Tionscadal Ceadúnais Tiomána & Feabhsú Próisis | 796,817 | 3,345,788 |
| (m) | Cumarsáid | 1,164,752 | 1,018,292 |
| (n) | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána | 21,530,164 | 7,948,860 |
| (o) | Caighdeán Tiománaithe Seirbhíse Éigeandála | 145,306 | - |
| (p) | Costais Eile Cláir | 186,797 | 45,582 |
| **Iomlán** | | **(40,820,035)** | **(27,413,905)** |

(a) Seo an costas a bhaineann le deimhnithe tástála teoirice tiománaithe a lannú.

(b) Is iad seo na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear costais chumarsáide.

(c) Is é seo an costas a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar na hionaid tástála feithicle agus maoirseacht na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna.

(d) Is clár é Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre mar a gcuireann an tÚdarás sábháilteacht ar bhóithre chun cinn an t-am go léir le huirlisí margaíochta agus cumarsáide lena n-áirítear fógraíocht, ag cinntiú foghlaim leanúnach do gach úsáideoir bóthair.

(e) Is clár é Oideachas ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil suas go dtí an tríú leibhéal trí réimse feachtas oideachais sainfhorbartha.

(f) Is clár dírithe é Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí ar leith úsáideoirí bóthair chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht bóthair trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear úsáid an Tointeálaí agus teachtaireachtaí faoin tsábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha.

(g) Seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre.

(h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le rialú thionscal an Teagaisc Tiomána Fhormheasta agus cuimsíonn sé reáchtáil an chláir Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla maidir le tiománaithe gairmiúla bus agus trucaile.

(i) Tá táillí dlí a thabhaítear maidir le próisis soláthair a bhaineann leis an gclár Tástála Feithiclí Tráchtála, an clár um Athrú Ceadúnais agus le comhairle ghinearálta maidir le soláthar agus sainmhíniú reachtaíochta.

(j) Is clár é seo a bhaineann le feidhmiú Tástála Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

(k) Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann leis na tástálacha tiomána teoirice agus praiticiúla, go háirithe forbairt ábhar siollabais.

(l) Baineann an clár um Athrú Ceadúnais le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána.

(m) Tabhaíonn an tÚdarás costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht an Údaráis sna meáin shóisialta.

(n) Baineann an caiteachas cláir seo le costais feidhmiúcháin na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána in 2014 agus áiríonn sé costas táirgthe an chárta, líonra gníomhaireachta agus míreanna próiseála cúloifige na seirbhíse ceadúnais.

(o) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an gCaighdeán nua Tiomána don tSeirbhís Éigeandála a tháinig i bhfeidhm in 2014.

(p) Baineann costais faoin gceannteideal seo le costais fógraíochta fógraí Caighdeán Feithiclí agus Tástála Feithiclí.

Ní áirítear sna suimeanna a thaispeántar sa Nóta seo costais bhaill foirne an Údaráis ag riar na gClár seo mar ní shanntar costais foirne go heisiach le Cláir ar leith mar sin ní féidir na costais seo a shannadh.

## 9. Sócmhainní Inláimhsithe

| | Léasacht | Daingneáin & Feistis | Mótar Feithiclí | Speisialtóir/ Teileachumarsáid Trealamh | Crua-earraí | Ríomhaire Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2014 | 867,662 | 914,346 | 762,382 | 561,757 | 2,185,803 | 9,847,376 | 15,139,326 |
| Breiseanna | 135,728 | 28,954 | 116,990 | – | 133,371 | 3,044,919 | 3,459,962 |
| Diúscairtí | – | – | (56,000) | – | – | – | (56,000) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2014** | **1,003,390** | **943,300** | **823,372** | **561,757** | **2,319,174** | **12,892,295** | **18,543,288** |
| Dímheas | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2014 | 79,981 | 731,485 | 470,070 | 555,565 | 1,768,186 | 4,984,196 | 8,589,483 |
| Muirear don bhliain | 47,610 | 68,456 | 112,861 | 6,016 | 261,703 | 2,747,666 | 3,244,312 |
| Diúscairtí | – | – | (56,000) | – | – | – | (56,000) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2014** | **127,591** | **799,941** | **526,931** | **561,581** | **2,029,889** | **7,731,862** | **11,777,795** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2014** | **875,799** | **143,359** | **296,441** | **176** | **289,285** | **5,160,433** | **6,765,493** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2013** | **787,681** | **182,861** | **292,312** | **6,192** | **417,617** | **4,863,180** | **6,549,843** |

## 10. Féichiúnaithe & Ioncam Fabhraithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tobhach Náisiúnta Tástála Carranna | 1,302,680 | 951,204 |
| Ús Bainc | 49,289 | 89,978 |
| Tobhach Tástála Teoirice Tiomána | 148,807 | 142,823 |
| Táillí Tástála Tiomána | 15,972 | 15,271 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 30,435 | 52,150 |
| **Iomlán** | **1,547,183** | **1,251,426** |

## 11. Réamhíocaíochtaí

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Árachas | 23,329 | 33,498 |
| Ceadúnais Bhogearraí | 171,784 | 227,326 |
| **Iomlán** | **195,113** | **260,824** |

## 12. Creidiúnaithe & Fabhruithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe | 2,196,337 | 3,156,855 |
| ÍMAT/ÁSPC | 336,157 | 347,746 |
| Asbhaintí Párolla | (89,217) | 180,354 |
| CBL | 455,081 | 458,320 |
| Cáin shiarchoinneálach | 299,908 | 259,315 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 108 | 144 |
| Fabhruithe | 3,324,183 | 5,682,427 |
| Ioncam Iarchurtha Táillí Tástála Tiomána | 3,577,738 | 2,770,894 |
| Tobhach Iarchurtha Tástála Teoirice Tiomána | 347,338 | 265,998 |
| Aoisliúntas dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 504,729 | 472,966 |
| **Iomlán** | **10,952,362** | **13,595,019** |

## 13. Cuntas Caipitil

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | 6,549,843 | 4,383,940 |
| Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| – Íocaíocht a úsáideadh chun sócmhainní seasta a fháil | (3,459,962) | (4,266,965) |
| – Amúchadh Sócmhainní Seasta | (3,244,312) | (2,101,062) |
| | 215,650 | 2,165,903 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **6,765,493** | **6,549,843** |

## 14. Aoisliúntas

### 14 (a). Anailís Costas Iomlán Pinsin muirearaithe do Chaiteachas

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas seirbhíse reatha | 1,876,000 | 1,752,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (278,000) | (277,000) |
| Ús ar dhliteanais scéim pinsin | 1,529,000 | 1,253,000 |
| **Glanchostas Pinsin don Bhliain** | **3,127,000** | **2,728,000** |

### 14 (b). Gluaiseacht i nDliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Dliteanas Pinsin ar an 1 Eanáir** | 36,457,000 | 30,496,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,876,000 | 1,752,000 |
| Costais úis | 1,529,000 | 1,253,000 |
| Caillteanais achtúireacha | 17,915,000 | 3,182,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (226,000) | 226,000 |
| **Dliteanas Pinsin ar an 31 Nollaig** | **57,551,000** | **36,457,000** |

## 14 (c). Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an tÚdarás na suimeanna seo mar shócmhainn chomhfhreagrach don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhonn an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 14(e) agus roinnt tarluithe san am a chuaigh thart. I measc na dtarlúintí seo bhí an bonn reachtúil le bunú na Scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Tá deimhniú ag an Údarás ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfaidh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, a fhad is go bhfuil an Scéim i bhfeidhm.

Ba é an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais a leanas:


| | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghafa maidir le pinsin sa bhliain reatha | 3,405,000 | 3,005,000 |
| Deontas an Stáit curtha i bhfeidhm le pinsinéirí a íoc | (226,000) | (226,000) |
| | **3,179,000** | **2,779,000** |

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2014 agus € 57.551m (2013 € 36.457m).

## 14(d). Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe

| | 2014<br>€ | 2013<br>€ | 2012<br>€ | 2011<br>€ | 2010<br>€€€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanais scéim na sochar sainithe | 57,551,000 | 36,457,000 | 30,496,000 | 21,600,000 | 18,073,000 |
| (Caillteanais)/gnóthachain taithí ar dhliteanais scéime pinsin | 324,000 | (4,152,000) | (2,982,000) | 238,000 | 632,000 |
| Mar chéatadán de Dhliteanais Scéime | 0.56% | -11.39% | -9.78% | 1.1% | 3.5% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus €43.205m (2013: € 25.29m). Bhí na caillteanais thuas a taifeadadh in 2014 mar gheall cuid mhór ar an ísliú sa ráta lascaine a úsáidtear ar son cuspóirí luachála ó 4.0% in 2013 go 2.3% in 2014.



### 14 (e). Comhdhéanamh na Scéime

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh é an Scéim le sochair agus ranníocaíochtaí sainmhínithe le tagairt do 'mhúnla' reatha rialacháin scéime na hearnála poiblí. Tugann an Scéim pinsean, aisce nó cnapshuim agus pinsin do chéile agus do pháistí. Is é an gnáthaois scoir breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Ardaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchur) de ghnáth de réir beartas ginearálta na hearnála poiblí.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách i Márta 2014 chun cuid de riachtanais FRS17 a thabhairt san áireamh chun dliteanais na Scéime a mheas ar an 31 Nollaig 2014.

| | An 31 Nollaig 2014 | An 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 3.3% pa | 1% le haghaidh Bhliain 1 ag dul ar ais go 3.5% pa ina dhiaidh sin |
| Ráta méadaithe le haghaidh pinsin in íocaíocht | 1.8% pa | 0% le haghaidh Bhliain 1 ag dul ar ais go 2.5% pa ina dhiaidh sin |
| Ráta Lascaine | 2.3% | 4.0% |
| Ráta Boilscithe | 1.8% | 2.0% |

### 14 (f). Táblaí Mortlaíochta

Ba iad na táblaí mortlaíochta seo a leanas a úsáideadh;

| | Fireann | Baineann |
|---|---|---|
| Mortlaíocht roimh scor | PMA 92 c 2020 | PFA 92 c 2020 |
| Mortlaíocht tar éis scoir | PMA 92 c 2025 lúide 1 bhliain | PFA 92 c 2025 lúide 1 bhliain |

Bunaithe ar na táblaí seo a leanas an gnáthionchas saoil ag aois 65:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Fireann | 22 bliana | 22 bliana |
| Baineann | 25 bliana | 25 bliana |

## 15. Ceangaltais Chaipitil

Tá ceangaltais chaipitil ag an Údarás i leith a chonartha le haghaidh an Chórais Faisnéise Feithiclí Tráchtála faoin gclár athchóirithe Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Iúil 2019 tá ceangaltais chaipitil chonartha de €7m a bhaineann le mír chaipitil na n-íocaíochtaí míosúla muirir sheirbhíse. Cuirfidh an tÚdarás na ceangaltais seo i gcrích óna chúltacaí agus ó ioncam amach anseo ón tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála.

**16. Dliteanais Theagmhasacha**

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann ar an 31 Nollaig 2014

**17. Leasanna an Chathaoirligh agus Comhaltaí Boird**

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag a chomhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

**18. Iasachtaí**

Ligeann Alt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 don Údarás airgead a fháil ar iasacht le cead an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais ar son a fheidhmeanna a chur de láimh. In 2014 ní bhfuair an tÚdarás aon iasachtaí.

**19. Áitreabh**

Tá áitreabh ag an Údarás i mBéal an Átha agus i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí an t-áitreabh seo agus níl aon chíos le híoc ag an Údarás. Tá 52 ionad tástála tiománaithe ag an Údarás, ar fud na tíre, tá 15 acu seo lonnaithe in Oifigí Rialtais agus tá 37 lonnaithe in áitreabh eile arna gcur ar fáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Gearrtar costais comhsheirbhísí i leith na n-ionad siúd atá lonnaithe in Oifigí Rialtais.

**20. Cúltacaí Ioncaim agus Caiteachais**

Ag deireadh 2014 bhí barrachas carnach coinnithe de €19m ag an Údarás. Leithdháileadh €3.37m don Údarás ón Státchiste le haghaidh 2014. D'fheidhmigh an tÚdarás ar bhonn féinmhaoinithe in 2014 agus níor tharraing sé anuas aon chuid dá leithdháileadh in 2014 agus cuireadh in iúl don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt nár theastaigh an leithdháileadh uaidh in 2014.

Tá an tÚdarás ag ullmhú plean gnó cúig bliana don tréimhse 2015 go 2020 ina dtabharfaidh an tÚdarás breac-chuntas ar conas a úsáidfear an barrachas coinnithe le haghaidh:

- na ceangaltais chaipitil atá fós ann maidir leis an gCóras Faisnéise Feithiclí Tráchtála faoin gclár athchóirithe Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála.
- nuachóiriú an Eastáit Tástála Tiománaithe
- agus infheistíocht i gcórais teicneolaíochta an Údaráis.

Tá an tÚdarás ag comhoibriú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i bhforbairt an phlean gnó seo.

**21. Figiúirí Comparáideacha**

Tá roinnt athruithe déanta ar chur i láthair na míreanna sna ráitis airgeadais agus tá na figiúirí comparáideacha athaicmithe ar an mbonn céanna.

**22. Formheas na Ráiteas Airgeadais**

D'fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 26 Bealtaine 2015.

## AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – OIBRIÚ LENA CHÉILE LE SAOLTA A SHÁBHÁIL

**Ba mhaith leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as an tacaíocht a thug siad in 2014:**

A-CEART

An Garda Síochána

Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)

Cumann na nGluaisteán

BRÍ

Bus Éireann

An Chomhairle um Thurasóireacht agus Iompar Cóiste (CTTC)

An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)

Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH)

Coistí Cathrach i gCúram Leanaí

Rothaíocht Éireann

Cycling.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna (Clár Idirbhliana)

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

An Roinn Comhshaoil (TÉ)

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Bus Átha Cliath

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)

An iris Fleet

Clár na Scoileanna Glasa

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

IDA

Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)

Irish Farmers Journal (IFJ)

Iarnród Éireann

Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)

Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (ITIA)

Bord Ríomheolaíochta an Rialtais Áitiúil

An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)

Met Éireann

Muintir na Tíre

Fóraim Náisiúnta Phobail

An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)

No Names Club

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi)

PARC

Responsible Young Drivers (RYD)

Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla

Meithleacha Oibre Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile

Féile Rós Thrá Lí

Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)

Coláistí Tríú Leibhéal

Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)

Grúpaí Oibre

---

**Urraitheoirí:**

Applegreen

Advanced Pitstop

Electric Ireland

DrinkAware.ie

Mercedes

Reynolds Logistics Ltd

## NÓTAÍ



# Oibriú lena chéile le Saolta a Shábháil

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co.

íosghlao: 1890 50 60 80 facs: 096) 25 252
r-phost: info@rsa.ie suíomh Gréasáin: www.rsa.ie